Údaráis Áitiúla na Mí

Tuarascáil Bhliantúil

2012

## 1. RÉAMHRÁ

Is mór againn Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2012 a chur i láthair thar cheann Údaráis Áitiúla na Mí. Tugann foilsiú na tuarascála seo deis eolas a thabhairt agus a léiriú maidir le dul chun cinn na gcuspóirí corparáideacha agus na straitéisí tacaíochta arna leagan amach i bPlean Corparáideach Údaráis Áitiúla na Mí, 2009-20014. Lean an Chomhairle ar aghaidh lena cuid airgid a bhainistiú go héifeachtúil i rith 2012, d'ainneoin na ndúshlán geilleagrach, agus ba mhór ag an gComhairle gur taifeadadh barrachas beag ag deireadh na bliana. Níl aon amhras ann go raibh an saol deacair le blianta beaga anuas, ach in ainneoin cúrsaí airgeadais, lean Údaráis Áitiúla na Mí le seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil le líon níos lú foirne agus le níos lú ioncaim. Ba é glacadh leis an bPlean Forbartha Contae nua don tréimhse 2013-2019 buaicphointe 2012. Is iad geilleagar inbhuanaithe, oidhreacht inbhuanaithe agus pobail inbhuanaithe na trí cholún atá lárnach don phlean forbartha nua. Beidh sé mar threoir le haghaidh thodhchaí Chontae na Mí agus léirítear leis meas ar stair thuaithe agus thalmhaíochta den chuid is mó an chontae agus dírítear ag an am céanna ar fhostaíocht eolaíocht-bhunaithe atá ag teacht chun cinn don todhchaí.

Lean an fócas ar fhorbairt gheilleagrach in 2012 le forbairt próifílí nua do sheacht gcinn de phríomhláithreacha sa Chontae agus seoladh an fheachtais *'Whatever your business...Make it Meath'*. Táimid meáite ar inrochtaineacht gan sárú na Mí, fórsa saothair ardoilte agus tarraingteacht ár gcontae mar áit le hinfheistíocht a dhéanamh ann agus le cónaí a dhéanamh ann a chur chun cinn ar scála domhanda. Tarraingítear an tiomantas leanúnach i ndáil le tacú lenár bpobail ar aird freisin sa tuarascáil seo. Tá an Chomhairle ag leanúint le hobair a dhéanamh i gcomhar le cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus le rannpháirtíocht i gcláir chultúir agus chomhshaoil a fhorbairt a spreagadh. Bhí go leor pointí bróid againn in 2012, lena n-áirítear chomh maith is a d'éirigh le rannpháirtithe de chuid na Mí a bhí san iomaíocht sna Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha i Londain. Bhíomar thar a bheith sásta gur bhain Comhairle Baile na hUaimhe gradam Chomhairle Baile na Bliana *Chambers Ireland* amach. Pointe eile a bhí ina chúis bróid ab ea nuair a fuarthas an Gradam LAMA don Fheachtas Poiblí is Fearr arna reáchtáil ag Comhlacht Rialtais as Corn Solheim a reáchtáil in 2011.

D'fhágamar slán i mí Mheán Fómhair ag Tom Dowling, a bhí ina Bhainisteoir Contae sa Mhí ar feadh deich mbliana. Déanaimid comhghairdeas leis as an iomaí éacht a rinne sé a chuir bród ar bhailte agus sráidbhailte an chontae agus as an obair a rinne sé leis na daoine chun an Mhí a dhéanamh níos fearr. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt freisin do Brendan McGrath a bhí sa phost mar Bhainisteoir Contae, ó Mheán Fómhair agus guímid gach rath air ina phost nua mar Bhainisteoir Cathrach na Gaillimhe.

Ní fhéadfaí na héachtaí a baineadh amach agus a léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo a bhaint amach gan comhionchur na gComhairleoirí, na gCathaoirleach agus Chomhaltaí na gCoistí um Beartais Straitéiseacha, na gCoistí Ceantar, na Foirne Bainistíochta agus na Foirne, chomh maith le tacaíocht ón iliomad eagraíocht idir dheonach agus phobail.

Ba bhliain dhúshlánach a bhí ann in 2012, agus gan amhras, tá tuilleadh dúshlán le teacht dár gcontae agus do mhuintir an chontae. Mar sin féin, táimid ag tnúth le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin sa bhliain atá romhainn agus obair a dhéanamh le chéile lenár bhfís, ár misean agus ár gcuspóirí corparáideacha a bhaint amach.



Jackie Maguire
Bainisteoir Contae



Cllr. Niamh McGowan
Cathaoirleach

**2. DAONLATHAS ÁITIUIL**


Comhaltaí Thoghlimistéar Dhún Seachlainn

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
|  |  |  |  |  |  |  |
| **Cllr. Gerry O'Connor** | **Cllr. Joseph Bonner** | **Cllr. Niamh McGowan** | **Cllr. Brian Fitzgerald** | **Cllr. Nick Killian** | **Cllr. Noel Leonard** | **Cllr. Maria Murphy** |
| **23 The Downs,**<br><br>**Dunshaughlin.**<br><br>**Fine Gael**<br><br>**01 8259034**<br><br>**087 2838311**<br><br>GOConnor@members.meathcoco.ie | **Donaghmore,**<br>**Ashbourne.**<br><br>**Non-Party**<br><br>**087 9749563**<br><br>jbonner@members.meathcoco.ie | **3 Hunter's Lane,**<br>**Ashbourne.**<br><br>**Labour**<br><br>**086 2244666**<br><br>nmcgowan@members.meathcoco.ie | **Warrenstown, Kilcock.**<br><br>**Non-Party**<br><br>**01 8251847**<br><br>**087 2508247**<br><br>BFitzgerald@members.meathcoco.ie | **Ballybin,**<br>**Ratoath,**<br>**Ashbourne.**<br><br>**Fianna Fáil**<br><br>**01 8256700**<br><br>**086 8109018**<br><br>nkillian@members.meathcoco.ie | **4 St. Patrick's Park,**<br>**Dunboyne.**<br><br>**Fianna Fáil**<br><br>**01 8251216**<br><br>**087 2345186**<br><br>nleonard@members.meathcoco.ie | **3 The Close,**<br>**Lutterell Hall,**<br>**Dunboyne.**<br><br>**Fine Gael**<br><br>**01 8252182**<br><br>**087 6579895**<br><br>mariamurphy@members.meathcoco.ie |

Comhaltaí Thoghlimistéar Cheanannais

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
|  |  |  |  |  |
| **Cllr. John V Farrelly** | **Cllr. Catherine Yore** | **Cllr. Eugene Cassidy** | **Cllr. Oliver Fox** | **Cllr. Bryan Reilly** |
| **Hurdlestown,**<br>**Kells.**<br><br>**Fine Gael**<br><br>**046 9241290**<br><br>**046 9073737**<br><br>**0862585154**<br><br>jfarrelly@members.meathcoco.ie | **The Rock,**<br>**Rathendrick,**<br>**Carnaross, Kells**<br><br>**Fine Gael**<br><br>**046 9245047**<br><br>**0863919003**<br><br>cyore@members.meathcoco.ie | **Possextown, Nobber.**<br><br>**Fine Gael**<br><br>**046 9052116**<br><br>**0863717686**<br><br>ECassidy@members.meathcoco.ie | **Cogan Street,**<br>**Oldcastle.**<br><br>**Fianna Fáil**<br><br>**049 8542774**<br><br>**087 2795741**<br><br>ofox@members.meathcoco.ie | **Rockfield Road,**<br>**Kells.**<br><br>**Fianna Fáil**<br><br>**046 9240122**<br><br>**086 2599184**<br><br>breilly@members.meathcoco.ie |

Comhaltaí Thoghlimistéar na hUaimhe

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
|  |  |  |  |  |  |  |
| **Cllr. Francis Deane** | **Cllr. Shane Cassells** | **Cllr. Suzanne Jamal** | **Cllr. Jim Holloway** | **Cllr. Jenny McHugh** | **Cllr. Joe Reilly** | **Cllr. Tommy Reilly** |
| **5 Blackwater Drive, Navan.**<br><br>**Non-Party**<br><br>**046 9023696**<br><br>**046 9022587**<br><br>**086 1234856**<br><br>fdeane@members.meathcoco.ie | **52 Oakleigh, Navan.**<br><br>**Fianna Fáil**<br><br>**01 8407107**<br><br>**086 3399198**<br><br>scassells@members.meathcoco.ie | **Flemington, Balrath, Navan.**<br><br>**Fine Gael**<br><br>**041 9825567**<br><br>**087 7971297**<br><br>sjamal@members.meathcoco.ie | **Farganstown, Navan**<br><br>**Fine Gael**<br><br>**046 9028661**<br><br>**086 2355236**<br><br>jholloway@members.meathcoco.ie | **Laracor, Trim**<br><br>**Labour**<br><br>**046 9431775**<br><br>**086 0414217**<br><br>jmchugh@members.meathcoco.ie | **Faughan Hill, Bohermeen, Navan**<br><br>**Sinn Fein**<br><br>**046 9028392**<br><br>**046 9021345**<br><br>**087 2478508**<br><br>JoeReilly@members.meathcoco.ie | **Ardsallagh, Navan**<br><br>**Fianna Fáil**<br><br>**046 9027588**<br><br>**087 7450149**<br><br>TommyReilly@members.meathcoco.ie |

Comhaltaí Thoghlimistéar Bhaile Shláine

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
|  |  |  |  |  |  |
| **Cllr. Sirena Campbell** | **Cllr. Jimmy Cudden** | **Cllr. Ann Dillon-Gallagher** | **Cllr. Eoin Holmes** | **Cllr Arian Keogan** | **Cllr. Wayne Harding** |
| **Smithstown, Julianstown**<br><br>**Fine Gael**<br><br>**087 6444681**<br><br>scampbell@members.meathco co.ie | **23 St Cianan's Villas, Duleek**<br><br>**Non-Party**<br><br>**041 9823353**<br><br>**086 8246484**<br><br>jcudden@members.meathcoc o.ie | **Loughbracken, Drumconrath, Navan**<br><br>**Fine Gael**<br><br>**041 6854487**<br><br>**086 8800866**<br><br>ADGallagher@members.meathco co.ie | **Blackhill, Heathstown,**<br><br>**Stamullen**<br><br>**Labour**<br><br>**087 2242765**<br><br>EHolmes@members.meathco co.ie | **Main Street, Duleek**<br><br>**Non-Party**<br><br>**041 9880523**<br><br>akeogan@members.meathcoc o.ie | **The Village Inn, Slane**<br><br>**Fianna Fáil**<br><br>**041 9824230**<br><br>**087 7446730**<br><br>wharding@members.meathco co.ie |

Comhaltaí Thoghlimistéar Bhaile Átha Troim

| | | | |
|---|---|---|---|
|  |  |  |  |
| **Cllr. Joe Fox** | **Cllr. William Carey** | **Cllr. Jimmy Fegan** | **Cllr. Tracy McElhinney** |
| **Clondoogan, Summerhill**<br><br>**Fine Gael**<br><br>**046 9557545**<br><br>**087 2631318**<br><br>JFox@members.meathcoco.ie | **Newcastle, Enfield**<br><br>**Fine Gael**<br><br>**046 9541064**<br><br>**085 7135073**<br><br>WCarey@members.meathcoco.ie | **Clonfane, Trim**<br><br>**Fianna Fáil**<br><br>**046 9431146**<br><br>JFegan@members.meathcoco.ie | **Ballivor**<br><br>**Labour**<br><br>**046 9567641**<br><br>**086 8781785**<br><br>tmcelhinney@members.meathcoco.ie |

## 3. POBAL

### 3.1. Bord Forbartha Chontae na Mí

Bhí ceithre chruinniú ag Bord Forbartha Chontae na Mí in 2012. Rinne Gníomhaireachtaí cuir i láthair, lena n-áirítear:

- Bithéagsúlacht
- Idir-Thrádáil Éireann
- Tionscadail Airde agus Cláir Athbheochana – Comhpháirtíocht na Mí
- Coiste Gairmoideachais agus Oiliúint Ghairmoideachais na Mí
- Nasc-Éire – Rath in Éirinn
- Dréacht-Phlean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019
- Tionscnamh Contae a thacaíonn le Daoine Breacaosta
- Cumann Tithíochta Tuath
- Ag Cur Daoine chun Tosaigh – Clár Gníomhaíochta um Rialtas Áitiúil Éifeachtach
- Tuarascáil Deiridh Ghrúpa Stiúrtha Ailínithe Forbartha Áitiúil/Rialtais Áitiúil Márta 2012.

Thacaigh an Bord Forbartha Contae leis an bplean oibre bliantúil do Chomhpháirtíocht na Mí (Clár LCDP) an 23 Márta, 2012.

Lean Coiste Seirbhísí Leanaí na Mí le cruinnithe in 2012, agus i mí Dheireadh Fómhair 2012, ceadaíodh Plean Straitéise dar teideal *'Meath Children and Young Peoples Plan 2012 – 2015'.*

### 3.2. Forbairt Phobail

#### 3.2.1. Tionscnamh a thacaíonn le Daoine Breacaosta

Tá dul chun cinn déanta leis an Tionscnamh Contae a thacaíonn le Daoine Breacaosta ó seoladh é i Meán Fómhair, 2011. Táthar ag iarraidh leis an tionscnamh daoine scothaosta agus a bpobail a dhéanamh rannpháirteach lena bpobail a dhéanamh níos fearr, níos folláine agus níos sábháilte do dhaoine scothaosta le cónaí iontu agus le go n-éireoidh go maith leo iontu. Tá Straitéis ullmhaithe ag Comhaontas Chontae na Mí a Thacaíonn le Daoine Breacaosta, lena mbaineann daoine as páirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí príomha, ina bhfuil gníomhartha bunaithe ar chomhairliúchán forleathan le daoine scothaosta sa Mhí. Sheol Micheál Ó Muircheartaigh an straitéis in Óstán Knightsbrook, Baile Átha Troim an 16 Iúil, 2012. Labhair Tom Dowling Uasal, Bainisteoir Contae, Dermot Monaghan, Bainisteoir Ceantair Lú/na Mí, FSS, Michael Ludlow, POF, Comhpháirtíocht na Mí ag an ócáid.



**3.2.2. Rialachas Corparáideach**

Reáchtáil Grúpa Stiúrtha Pobail & Deonach na Mí i gcomhar le Rannóg Pobail agus an tAonad um Rialachas Corparáideach, Rannóg Airgeadais Chomhairle Chontae na Mí Imeacht Eolais an 1 Samhain, 2012 - "***The Governance Code – Your guide to the Governance Code***".

Tá Cód Cleachtais do dhea-rialachas eagraíochtaí pobail, deonacha agus carthanachta in Éirinn forbartha ag an earnáil, don earnáil. Moltar do gach eagraíocht phobail, dheonach agus charthanachta glacadh leis an gcód. Áiríodh ar na daoine a labhair ag an ócáid, Garret O'Brien, Cathaoirleach, Grúpa Stiúrtha Pobail & Deonach na Mí, Kevin Prendergast, Bainisteoir um Chomhlíonadh Corparáideach, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach – Scrúdú sláinte Corparáideach do Stiúrthóirí Cuideachtaí, Senan Turnbull, comhalta den Ghrúpa Oibre don Chód um Rialachas Eagraíochtaí Pobail, Deonacha & Carthanachta, Des Foley, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Chontae na Mí

**3.2.3. Tionscnamh Fostaíochta na Mí don Lucht Siúil**

Lean FÁS ag maoiniú an tionscadail sin arna bhunú faoin Straitéis Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil i rith 2012. Rinneadh an tionscadal a phríomhshruthú go náisiúnta in 2012. Tá an maoiniú anois á riar ag an Roinn Coimirce Sóisialaí go díreach chuig Jobmatters, faoin gClár Fostaíochta faoi Thacaíocht

**3.2.4. Cultúr**

Oibríonn Cultúr le himircigh i gCo. na Mí. Tugann Comhairle Chontae na Mí maoiniú a fhaightear ón Oifig um Imeascadh Imirceach sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais do Chultúr. Cuireadh an tionscadal *Migrants Integration in Meath Equally* (MIME) arna mhaoiniú faoin gCiste Eorpach Lánpháirtíochta agus le rannchuidiú ó Chomhairle Chontae na Mí, i gcrích i Lúnasa 2012 agus cuireadh an Tionscadal Taighde arna bhainistiú faoin gClár um an Beart Comhionannais do Mhná, thar ceann na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus arna mhaoiniú le Ciste Sóisialta na hEorpa i gcrích i mí na Nollag, 2012.

**3.2.5. Fóram Pobail agus Deonach**

Bhí naoi gcruinniú ag an gCoiste Stiúrtha i rith 2012 agus bhí a AGM acu an 27 Meitheamh, 2012. Bhí na Fóraim rannpháirteach go gníomhach ina bpobail áitiúla le trealamh sábháilteachta, lena n-áirítear trealamh uile-aimsire, a chur ar fáil. Tugann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tacaíocht airgeadais don fhóram gach bliain agus rinneadh é sin a leithroinnt ar Thionscadail sa Chontae a bhfuil géarghá acu dó. Bunaíodh Fóraim do Cheantair Nua i gCeanannas agus i nDún Seachlainn. Tá Fóraim Cheantair anois sna cúig thoghlimistéar sa Mhí.

**3.2.6. Cumarsáid Phobail**

Tá láithreacht ar an ngréasáin ar fáil do ghrúpaí pobail agus deonacha ag www.meathcommunities.ie. Tá láithreáin ghníomhacha ag 94 grúpa i láthair na huaire. Tá na láithreáin ghréasáin seo a leanas ar fáil i gcónaí don phobal agus tá eolas agus acmhainní fiúntacha orthu do ghnólachtaí agus don phobal:– Eolaire Oideachais agus Oiliúna na Mí (www.metd.ie); Tairseach Cúraim na Mí (www.meathcareportal.ie); Eolaire Seirbhísí Tacaíochta na Mí (www.meathsupportservices.ie); *Meath4Funding*

(www.meath4funding.ie); agus liosta de Mhaoin Ghnó na Mí (www.meathbusinessproperty.ie).

**3.2.7. An Grúpa SIM**

Oibríonn an Grúpa SIM mar fhóram líonraithe agus comhroinnte eolais le haghaidh grúpaí idirghníomhaireachta agus forbartha áitiúla sa Chontae. Rinneadh cur i láthair don ghrúpa i ndáil le roinnt saincheisteanna: Coiste Cúram Leanaí Chontae na Mí, Aontas, Straitéis Frithchiníochais agus Ilghnéitheachta an Ionaid Imeasctha, an tIonad Pleanála Comhtháite Áitiúil, RAPID, Plean CLG na Mí um Chuimsiú & Imeascadh, an tAistriú Digiteach, srl. Chuathas i gcomhairle leis an ngrúpa sular tacaíodh le plean oibre Chomhphaírtíocht na Mí le maoiniú a fháil faoin gClár Forbartha Pobail Áitiúil (LCDP). Seoladh balúin i mí na Samhna le comóradh a dhéanamh ar 16 Lá Gníomhaíochta *Women's Aid* i gcoinne Foréigean in aghaidh na mBan i gcomhar le Tearmann na Mí do Mhná. Tá láithreán gréasáin nua forbartha don ghrúpa www.manyfacesofmeath.com

**3.2.8. An tAonad Uilechuimsitheachta Sóisialta**

Lean an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil leis an Aonad um Chuimsiú Sóisialta de chuid Chomhairle Chontae na Mí a mhaoiniú i bpáirt. Chomhordaigh Aonad CS na Mí imeachtaí le linn na Seachtaine um Chuimsiú Sóisialta i mí Dheireadh Fómhair 2012, arna n-eagrú ag Ceardlann Lucht Siúil na Mí, Ionad Saorálaithe na Mí, RAPID, cultúr, Coláiste Beaufort, Ionad Acmhainní Teaghlaigh Cheanannais, FAI, Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí, Leabharlanna na Mí, Comhpháirtíocht na Mí, Coiste Cúram Leanaí an Chontae, Flexibus, Ionad Acmhainní Teaghlaigh Bhaile Átha Troim. Reáchtáladh lá eolais maidir le Cuimsiú Sóisialta, a raibh baint ag na grúpaí sin uile leis chomh maith le grúpaí eile mar Jigsaw, Jobmatters, Tionscnamh Fostaíochta Lucht Siúil na Mí, Rannóg Comhshaoil Chomhairle Chontae na Mí, in Ionad Siopadóireachta na hUaimhe.

Chuir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoiniú ar fáil le hAláraim Dheataigh a chur ar fáil do Dhaoine Bodhra agus a bhfuil Deacrachtaí Éisteachta acu.

**3.2.9. An Óige**

Lean comhordaitheoir páirtaimseartha a bhí ag obair 1.5 sa tseachtain ar aghaidh ag obair le Comhairle na nÓg na Mí i rith 2012. Maoinítear an obair sin trí Chiste Forbartha Chomhairle na nÓg arna riar ag Roinn an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Tá 26 comhalta ar Chomhairle na nÓg na Mí idir 12-17 bliain d'aois. Thogh a bpiaraí iad uile ag AGM Chomhairle na nÓg a d'fhreastail 120 duine óg air an 5 Deireadh Fómhair 2012.

Leag Comhairle na nÓg na Mí Clár Feasachta Drugaí agus Alcóil nua amach in 2012 dar teideal - Do Rogha. Chruthaigh daoine óga é sin le haghaidh daoine óga agus sheol an Cathaoirleach, an Comhairleoir Niamh McGowan é ag an AGM in 2012.

Chuathas i gcomhairle le Comhairle na nÓg na Mí maidir leis an bPlean Forbartha Contae agus rinne siad aighneacht le cur san áireamh ann. Luaitear sa phlean anois go bhfuil sé mar aidhm ag Comhairle Chontae na Mí:

*Dul i gcomhairle le Comhairle na nÓg na Mí agus tacú leo maidir le seirbhísí áitiúla agus beartais a fhorbairt a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shaol daoine óga.*

Chuaigh Comhairle na nÓg i mbun malartú ógra le *Gateshead Borough Youth Assembly* le maoiniú ó Léargas faoi Chlár Malartaithe *Causeway*.

Thaisteal CNN na Mí go Gateshead i Márta 2012 ar feadh seachtaine agus tháinig óige Gateshead ar ais i mí Dheireadh Fómhair ar feadh seachtaine. I mí na Samhna 2012, d'fhreastail cúig déag duine óg de chuid CNN na Mí Sárthaispeántas B Náisiúnta Chomhairle na nÓg i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath. Ba dheis a bhí ansin obair na gComhairlí náisiúnta a cheiliúradh agus thug sé deis do Chomhairle na nÓg na Mí a gcuid oibre a thaispeáint. Ba í Frances Fitzgerald, an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige a d'óstáil an ócáid.

## 3.3. Rapid

Tugadh raidhse seirbhísí, saoráidí agus clár nua isteach sa Limistéar RAPID in 2012 trí obair idirghníomhaireachta agus trí chomhoibriú seirbhísí. Cuireadh le rannpháirtíocht phobail sa chlár freisin. Cheadaigh an AIT Plean RAPID nua 2012-2014 i mBealtaine 2012. Rinneadh go leor dul chun cinn maidir leis na gníomhartha sa phlean sin a sheachadadh i rith na bliana. Foilsíodh agus seoladh an Tuarascáil maidir leis an Suirbhé ar Anailís Riachtanas RAPID. Rinne Pobal €5,000 a leithroinnt ar AIT RAPID na hUaimhe i dtreo an Bhuiséid Tacaíochta Pobail.

## 3.4. Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí

D'fhostaigh LSP na Mí *Irish Leisure Consultants* leis an bPlean Straitéiseach 2007 – 2012 agus an plean straitéiseach Míchumas i spóirt 2009-2012 a athbhreithniú. Tá na tuarascálacha le bheith ann go luath in 2013.

Tá bunachar sonraí de na saoráidí pobail agus spóirt uile mapáilte agus ar fáil don phobal ag http://www.meathsports.ie/clubs-and-facilities/facility-directory.html

Chruthaigh LSP na Mí cuntais Facebook agus Twitter in 2012. Féach www.facebook.com/meathsportspartnership agus www.twitter.com/MeathLocalSport

Fuarthas maoiniú le tionscadal 'Bí Gníomhach Tar Éis na Scoile' a chur i bhfeidhm ina mbíonn leanaí 7-8 bliain d'aois i mbun gníomhaíochtaí coirp i dtimpeallacht shábháilte, struchtúrtha a bhfuil aithne acu air, agus cuirtear béim ar fhoghlaim, ar ghníomhaíochtaí éagsúla agus ar sult a bhaint astu.

Bhí Turas Rothaíochta Oidhreachta an Post ar siúl i mí Iúil. Thosaigh 3000 rothaí amach ar 4 bhealach éagsúla as Baile Átha Troim. Ba é Grúpa Alzheimer na Mí an charthanacht a hainmníodh don imeacht.

Reáchtáladh 5k an Chontae Ríoga i gCeanannas i mí Bealtaine. Ba é an grúpa *Special Hands* i gCeanannas an Charthanacht ainmnithe don imeacht.

10k Chósta na Mí – Tháinig breis agus 350 rannpháirtí ó cheantair na hInse, Bhaile an Bhiataigh agus Bhaile Uí Mhornáin chuig an gcéad imeacht in Oirthear na Mí. Reáchtáladh é i gcomhar le CLG Naomh Colmcille, an Garda Síochána agus *RehabCare*.

Tá cláir agus cúrsaí atá oiriúnach do dhaoine scothaosta agus daoine atá faoi mhíchumas ag dul i méid agus tá líon mór daoine rannpháirteach sna *Games for Life*, *Mature Movers*, *Disability Summer and Winter.*

## 3.5. Mórtas Ceantair

### 3.5.1. Tionscnaimh Mhórtas Ceantair

Cuireadh 200 tionscadal i gcrích in 2012, idir ghrúpaí pobail, ghrúpaí deonacha agus scoileanna. Áiríodh ar na tionscadail sin, go leor scéimeanna feabhsúcháin bailte agus sráidbhailte, spásanna áineasa a chur ar fáil agus a chothabháil, tionscadail bhithéagsúlachta, scéimeanna athchúrsála agus aisghabhála, cur inbhuanaithe, múiríniú pobail agus forbairt gairdíní inbhuanaithe in go leor scoileanna agus leanaí bunscoile ag táirgeadh bia. Bhuaigh Cumann Forbartha Bhaile Forda agus na Greallaí an gradam foriomlán ag searmanas i mí Dheireadh Fómhair, agus fuair go leor tionscadal iontach eile aitheantas as a n-iarrachtaí. Fuair Scoil Náisiúnta Lios Muilinn an duais is fearr amach i gcatagóir na scoileanna.

### 3.5.2. Gradaim Mhórtas Ceantair Uile-Oileáin *Co-Operation Ireland*

Rinneadh sárionadaíocht ar Chontae na Mí sa Chomórtas Mhórtas Ceantair *Co-Operation Ireland* le cúig ghrúpa as Contae na Mí rannpháirteach ann agus ceithre cinn astu sin ag fáil gradaim ag searmanas i Luimneach i mí na Samhna.

### 3.5.3. Sraith Frith-Bhruscair 2012

Ghlac os cionn céad grúpa pobail agus deonach agus meánscoil páirt sa chomórtas sin, agus mar thoradh air sin bhailigh na mílte duine bruscar ar fud an chontae i dtréimhse sé seachtaine i Márta agus Aibreán 2012. Chuir Comhairle Chontae na Mí málaí, lámhainní, prioslóirí, araidí agus bailiúcháin dramhaíola ar fáil le cuidiú leis na grúpaí sin agus reáchtáladh gradam-oíche i mí Aibreáin.



### 3.5.4. Scéim Deontas Pobail Bhaile Chearráin agus Knockharley

Tá dhá scéim ar fáil faoi láthair sa Chontae i Knockharley agus i mBaile Chearráin le haghaidh oibreacha feabhsúcháin comhshaoil. Chuaigh go leor grúpaí pobail agus

sealbhóirí tí ceadaithe sa dá cheantar sin i mbun raon leathan tionscadal, lena n-áirítear feabhsúcháin ar scoileanna agus clubanna spóirt, athfhorbairt Halla an pharóiste i mBaile an Cheantaigh, tírdhreachú agus feabhsúcháin ar eastáit thithíochta. Fuair deichniúr cónaitheoirí áitiúla maoiniú tríd Scéim Deontas Knockharley le feabhas a chur ar éifeachtúlacht chomshaoil a gcuid tithe. Tá tionscadal nua ar siúl le hIonad Pobail nua a fhorbairt i mBaile an Cheantaigh.

**3.5.5. LivCom 2012 - Dubai**

D'ainmnigh Comhairle Chontae na Mí Maigh nEalta le bheith rannpháirteach san imeacht mór le rá seo agus chuidigh an Chomhairle leo tríd an bpróiseas iarratais agus gradam. Bhuaigh Maigh nEalta an dara háit amach don baile beag is fearr sa Domhan!

**3.5.6. Pleananna Tírdhreacha**

D'oibrigh Mórtas Ceantair le sainchomhairleoir tírdhreacha le cúig phlean a fhorbairt le haghaidh bailte agus sráidbhailte áitiúla. D'fhéadfadh na grúpaí dul chuig Comhpháirtíocht na Mí le haghaidh maoinithe ansin lena dtionscadal a chur i bhfeidhm. Chuidigh an Chomhairle le Maigh nEalta freisin le Spás Tonála a fhorbairt le haghaidh cónaitheoirí áitiúla ag a gcosán cois na habhann.

**3.6. Oifig na hEalaine**

Oibríonn Seirbhís Ealaíon Chomhairle Chontae na Mí go dlúth le healaíontóirí, daoine aonair agus le pobail chun cur le rochtain agus feasacht ar agus rannpháirtíocht sna healaíona feadh na ndisciplíní agus na n-earnálacha uile sa tsochaí. Baintear é sin amach trí shraith bhliantúil d'imeachtaí cultúir a chur ar fáil, lena n-áirítear tionscadail cheoil, damhsa, amharcealaíon, litríochta agus ealaíon rannpháirtíochta. Tugtar raon leathan deiseanna maoinithe freisin d'ealaíontóirí agus grúpaí i ngach disciplín, idir amaitéarach agus ghairmiúil, agus cuirtear seirbhís chuimsitheach eolais agus comhairle ar fáil chomh maith. Gníomhaítear freisin mar éascaitheoir d'eagraíochtaí ealaíon agus bíonn ról mór ag an tseirbhís i dtionscadail ealaíon infreastruchtúir agus samhlacha dea-chleachtais a fhorbairt don chontae. Rinneadh roinnt saothar ealaíon poiblí nua a choimisiúnú, a chur i gcrích agus a shuiteáil in 2012. Tá sé i gceist leis na gníomhartha sin tacú le beartas an Údaráis Áitiúil tacú le dianiarracht ealaíonta ar ardchaighdeán, deiseanna fostaíochta a chur ar fáil d'ealaíontóirí agus inbhuanaitheacht agus marthanacht fhadtéarmach a sholáthar do na healaíona sa chontae.

Áirítear ar na comhpháirtithe a rabhthas ag obair leo in 2012: an Chomhairle Ealaíon, Ionad Ealaíon *Solstice*, *Alternative Entertainments Ltd*., *Music Network*, Oifig Oidhreachta na Mí, *Age and Opportunity Ireland*, Cónaidhm Óige na Mí, Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Chontae na Mí, Dánlann Náisiúnta na hÉireann, Bunscoileanna agus Meánscoileanna sa Chontae, 25 Ionad Gníomhaíochta Lucht Scoir sa Mhí, *Ensemble* Cruite na Mí, Compántas Téatar *Tall Tales*, Compántas Téatar *Two Chairs*, Óstán *Bellinter House*, *First Contact*, *Visual Artists Ireland* agus Roinn Oideachas For-Rochtana an Cheolárais Náisiúnta.

**3.6.1 Féile Bhealtaine**

Leanadh le clár Fhéile Bhealtaine in 2012 i gcomhar le Seirbhísí Leabharlainne Chontae na Mí agus san áireamh ann bhí cainteanna, ceardlanna, taispeántais amharcealaíne agus sraith taibhithe i gcomhar le Roinn For-Rochtana an Cheolárais a Náisiúnta.

### 3.6.2 **Ealaín Phoiblí** – Scéim Chéatadán don Ealaín

Cuireadh cúig shaothar Ealaíne nua poiblí i gcrích agus suiteáladh iad ar fud an chontae faoin Scéim Chéatadán don Ealaín de chuid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Áiríodh orthu sin '*Rough Clover*' le Rory Breslin ag Páirc phobail Bhaile Iúiliáin; *Perch* le Orle de Bri, ag Timpeallán Bhaile Shéamais, Ráth Tó; *On the Great White Open* le Patrick Barry, ag Timpeallán Bhóthar Cheanannais, an Uaimh; *The Rabbit* le Alex Pentek, M2 agus *Elevations* le jillian Scott ag Ionad *Unity,* Baile na Gaoithe.







Rough Clover

Perch

On the Great Wide Open

## 3.7. Féile

Rinneadh **42** Dámhachtain ar an iomlán in 2012.

### 3.7.1 **An** Scéim Deontas Ealaíon Bhliantúil

Tá sé i gceist leis an dámhachtain sin tacú le gníomhaíochtaí ealaíon áitiúla agus cur le forbairt agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach na n-ealaíon i gContae na Mí.

### 3.7.2 An Scéim Deontas d'Fhéilte

Tá sé i gceist leis an dámhachtain sin tacú leis na féilte ealaíon sin a bhíonn ar siúl i gContae na Mí a léiríonn tiomantas do chláir ealaíonta ar ardchaighdeán.

### 3.7.3 Ciste Forbartha d'Ealaíontóirí Gairmiúla

Tá sé i gceist leis an scéim sin tacú le cleachtóirí ealaíon gairmiúla i gContae na Mí lena gcuid saothair a sheachadadh agus go háirithe le saothair nua a fhorbairt.

### 3.7.3 Dámhachtain Ealaíon Pobail

Tá an Dámhachtain sin oscailte do ghrúpaí pobail, eagraíochtaí pobail agus scoileanna. Tá sé mar aidhm leis tacú le grúpaí i ndáil le maoiniú do thionscadail ealaíon phobail ar ardchaighdeán a chuireann rochtain ar na hEalaíona agus rannpháirtíocht iontu chun cinn trí obair a dhéanamh le healaíontóirí gairmiúla.

**3.7.4 Dámhachtain Ionad Tyrone Guthrie**

Leis an sparánacht sin, tá an t-iarratasóir a n-éireoidh leo é a bhaint amach i dteideal cónaitheacht in Ionad Tyrone Guthrie.

**3.7.5 Going Solo**

Tá sé i gceist leis an dámhachtain sin tacú le mic léinn ina mbliain deiridh nó daoine a fuair céim san ealaín le déanaí, atá ina gcónaí i gContae na Mí nó arb as an gcontae iad, trí dheis a thabhairt dóibh a gcéad taispeántas aonair a reáchtáil in Ionad Ealaíon *Solstice*. Tá sparánacht de €650 ag gabháil leis an Dámhachtain chomh maith.

Ba í Evelyn Broderick a bhuaigh an Dámhachtain *Going Solo* in 2012.




Cathy Martin, Cathaoirleach, Cllr. Niamh McGowan, Evelyn Broderick, Cariosa Farrell, Gerardette Bailey & Des Foley

**3.7.6 Scéim Cheannaigh Uirlisí Ceoil Scoile**

Tá sé mar aidhm leis an dámhachtain sin cuidiú le hacmhainní uirlisí ceoil bunscoileanna agus meánscoileanna araon i gContae na Mí a fhorbairt.

**3.7.7 Dámhachtain Chuimhneacháin Tony Finnegan**

Tá sé i gceist leis an dámhachtain sin cuidiú le daltaí den scoth ag Scoil Chruite na Mí freastal ar an bhféile bhliantúil don Chruit Ghaelach ‘An Chúirt Chruitireachta’ arna heagrú ag Cairde na Cruite sa Ghrianán, Tearmann Feichín, Co. Lú. Déantar dhá dhámhachtain go bliantúil.

**3.7.8 FÉACH – fiontar, ealaíona, cultúr agus oidhreacht á gcur chun cinn**

Leanadh le clár oiliúna agus meantóireachta na nEalaíon Gairmiúil d'ealaíontóirí in 2012 agus cuireadh ceardlanna agus clinicí ar fáil i raon leathan meán agus topaicí, lena n-áirítear – Stádas Dlíthiúil agus an tEalaíontóir; Cáin & Cuntasaíocht d’Ealaíontóirí; Clinic Ceoil na Mí/ *First Contact*; Sláinte & Sábháilteacht agus an tEalaíontóir.

## 3.8 Seirbhísí Leabharlainne

### 3.8.6 Táscairí Feidhmíochta le haghaidh 2012:

**An meánlíon uaire oscailte don phobal in aghaidh na seachtaine**

| | |
|---|---|
| **Leabharlanna Lánaimseartha** | **36.42** |
| **Leabharlanna Páirtaimseartha** | **12.75** |
| **Líon iomlán na gcuairteanna ar leabharlanna lánaimseartha** | **613,850** |
| **Líon iomlán na míreanna a eisíodh as Stoc Leabharlainne** | **583,721** |
| **Líon Iomlán na seisiún idirlín a cuireadh ar fáil** | **43,689** |

### 3.8.7 Infreastruchtúr

#### 3.8.7.1 Oscailt Oifigiúil Leabharlann na hUaimhe Iúil 2012

Cuireadh athchóiriú mór ar fhoirgneamh na leabharlainne contae i gcrích in 2012, lena n-áirítear athsholáthar fuinneog, rindreáil aghaidh an fhoirgnimh agus seomra cruinnithe nua a chur ar fáil.

#### 3.8.7.2 Ionad Cultúir Chill Dhéagláin

Chuir an tseirbhís leabharlainne Ionad Cultúir mór nua, Gailearaí agus spásanna Cruinnithe Pobail ar fáil le taobh na leabharlainne a bhí i gCill Dhéagláin cheana féin. Osclaíodh na mór-oibreacha infreastruchtúir go hoifigiúil in 2012 agus tugtar cóiríocht do dhaichead is a haon grúpa/imeacht/gníomhaíocht san ionad nua ar bhonn seachtainiúil.

### 3.8.8 Seirbhís r-Leabhar do Leabharlanna na Mí

D'fhógair Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Chontae na Mí an tseirbhís nua le leabhair a íoslódáil óna compháirtí leabharlannaíochta sna Stáit Aontaithe, Overdrive, in 2012. Tá r-Leabhair agus r-Chlosleabhair á n-íoslódáil chuig raon fearas, lena n-áirítear ríomhairí, r-Léitheoirí, seinnteoirí MP3, fóin chliste agus fearais shoghluaiste ag dhá chéad bhall den leabharlann. Agus go leor roghanna as teidil ficsin agus neamhfhicsin a bhfuil tóir orthu ann, rinneadh os cionn sé chéad eisiúint as an mbailiúchán nua sna chéad chúpla mí i seirbhís. Níl ort ach dul chuig http://meath.lib.overdrive.com le tosú.

**3.8.9 Staidéir Áitiúla**

Ba bhliain an-rathúil a bhí in 2012 do stair bhéil sa chontae. Tá obair ar siúl ar na taifeadtaí a scríobh amach agus bhí tras-scríbhinní de na taifeadtaí le feiceáil i gcló san eagrán reatha de Ríocht na Mídhe. Chuir Jimmy Maher trí chaint le léaráidí i láthair i ndáil le stair shóisialta na n-iarnród sa Mhí agus tá obair ar siúl ar *Social History of the Railways in Meath.*

Tá obair ar siúl ar athfhoilsiú shaothar tábhachtach Oliver Coogan *Politics and War in County Meath 1913-1923* agus táthar ag súil go seolfar é in Aibreán, 2013. Meastar, leis an imleabhar a bheith ar fáil, go spreagfar léann agus foilseacháin nua sa réimse sin.

**3.8.10 Forbairt Léitheoirí**

I mí Dheireadh Fómhair, bhí údair mór le rá go hidirnáisiúnta lena n-áirítear Anthony Horowitz agus Eoin Colfer ar na príomhúdair ag **Féile Leabhar do Leanaí** a reáchtáiltear go bliantúil. Eagraíodh cúig imeacht is seasca timpeall an chontae agus thug aon údar is fiche cuairt ar an gcontae. D'fhreastail 4,300 leanbh imeachtaí a d'eagraigh foireann leabharlainne agus léirigh sé sin gurbh í an Fhéile an t-imeacht cultúir ba mhó do leanaí i gCo. na Mí.

*Séasúr Mary Lavin, 2012*

Chuir Ionad Ealaíon *Solstice*, Oifig Ealaíon na Mí agus Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Chontae na Mí clár imeachtaí i láthair ó Mheán Fómhair go Nollaig mar chomóradh céad bliain ó rugadh Mary Lavin. Thosaigh an séasúr le taispeántas grianghrafadóireachta le Mike Bunn clúiteach a thóg grianghraf de Mary Lavin don chéad uair sna 1970í. Thug Eileen Battersby agus Michael Harding cainteanna ar scríbhneoireacht Lavin, léirigh Compántas Téatar *Two Chairs* athchóirithe de *A Likely Story* agus *The Widow's Son* de chuid Lavin. Eagraíodh imeachtaí i gcraobh-leabharlanna ar fud an Chontae le haghaidh Seachtain na Gaeilge, Lá Domhanda na Leabhar, Seachtain Leabharlanna Éireann, Bealtaine, Seachtain na hOidhreachta, an tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta, Seachtain na hEolaíochta, Lá an Armstad agus Lá Filíochta Uile-Éireann.

**3.8.11 Buaicphointí Eile 2012**

- Tugadh seirbhís Wi-Fi isteach i gCill Dhéagláin, san Uaimh, i nDún Bóinne agus i mBaile Átha Troim.
- Tugadh seirbhís uathoibríoch Féin-Eisiúna agus Ar Ais i gCeanannas agus i nDún Seachlainn.
- D'fhreastail os cionn 5,000 leanbh ar Chlár Samhraidh Leabharlann Chomhairle Chontae na Mí agus na Seirbhíse Ealaíon i mí Iúil agus i Lúnasa.

**3.9 Seirbhísí Oidhreachta**

**3.9.6 INTERREG IVA – Gníomh Bithéagsúlachta (Bliain 3)**

Cur le cumas laistigh d'údaráis áitiúla, cur le feasacht agus cur le bithéagsúlacht agus é a chaomhnú na príomhchuspóirí den tionscadal trasteorann sin. Bhí cruinnithe ag grúpa stiúrtha an tionscadail gach uile dhá mhí in 2012. Cuireadh roinnt tionscadal chun cinn agus obair á déanamh leis na hOifigigh Tionscadail, lena n-áirítear foireann pleanála a oiliúint maidir le Measúnú Iomchuí, Creat Bithéagsúlachta Réigiúnach a fhorbairt agus cúig thionscadal réigiúnacha a chur chun cinn. Áirítear ar thionscadail áitiúla a forbraíodh i gContae na Mí, *Suirbhé Hidreolaíochta ar Phortach na Greallaí, Painéil*

*Léiritheacha le haghaidh Pháirc Dhealgan* agus *Choimín Dhamhliag* agus *Tionscadal maidir le Creimeadh Cósta*.

**3.9.7 Tionscadail Phleananna Oidhreachta an Chontae 2012**

Cuireadh na tionscadail seo a leanas i gcrích in 2012 mar chuid de Phlean Oidhreachta an Chontae le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta:

**3.9.7.1 An Clár um Oidhreacht a Chur in Iúl 2012**

Ba é cuspóir an tionscadail plean cumarsáide oidhreachta comhordaithe a fhorbairt agus a sheachadadh le haghaidh 2012 ina ndéanfaí forbairt ar chuspóirí straitéiseacha Phlean Oidhreachta an Chontae. Bhí sraith bliana d'imeachtaí ar siúl agus áirítear iad seo a leanas ar chuid de na príomhghnéithe de:

(a) **Carachtar agus Carachtair na Mí - Treoir-Thionscadal Meán Nua**

Sa tionscadal, forbraíodh clos-taispeántas sleamhnán le carachtar agus carachtair na Mí a thaifeadadh agus chun iad a úsáid le turasóirí cultúir a mhealladh chun na Mí.

(b) **Baile Shláine a chur chun cinn mar cheann scríbe do thurasóireacht chultúir**

Bhí imeacht ar siúl i Márta i gCaisleán Bhaile Shláine le treoir agus Scoil Allamuigh Mhullach Bhaile Shláine a sheoladh. Fáiltíodh roimh ghrúpaí agus ghnólachtaí le príomhshócmhainní oidhreachta an bhaile a chur chun cinn.

(c) **Teamhair s'agamsa – Tionscadal Ealaíne Poiblí – Taighde (Céim 1)**

I gcomhar le hOifig Ealaíon na Mí, rinneadh Michael Fortune (Ealaíontóir) a choimisiúnú le foilseachán nua grianghrafadóireachta den chuid is mó a chur le chéile bunaithe ar eispéiris daoine aonair maidir leis an láthair agus an áit. Cuireadh an chéim taighde i gcrích in 2012.

(d) **Féile Bhaile Múrtha Bhaile Átha Troim – Seachtain na hOidhreachta 2012**

Thacaigh an Chomhairle Oidhreachta le gnéithe d'Fhéile Bhaile Múrtha Bhaile Átha Troim i rith Sheachtain na hOidhreachta 2012.

(e) **Ceardlann Ballaí Cloiche**

Eagraíodh ceardlann Ballaí Cloiche do Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara faoi stiúir Pat McAfee leis an Roinn Pobail.

**3.9.7.2 Poitéinseal thírdhreach na Mí a fhuascailt**

Leanadh le hobair in 2012 ar thochaltáin Fhearann na mBráithre Dubha i mBaile Átha Troim. Bhí ceithre chruinniú ag an gcoiste idirchaidrimh pobail agus bhí dhá chruinniú ag an gcoiste acadúil. Reáchtáladh roinnt imeachtaí feasachta le go mbeadh teagmháil idir an pobal agus an tionscadal, lena n-

áirítear cainteanna agus laethanta oscailte. Rinneadh an láithreán gréasáin a athdhearadh agus coimisiúnaíodh físeán 3 nóiméad, a taifeadadh agus a ndearnadh eagarthóireacht air le Co. na Mí a chur chun cinn mar áit do mhic léinn ó thar lear le taithí allamuigh a fháil sa tseandálaíocht agus i réimse na bainistíochta acmhainní cultúir. Bunaíodh naisc i mí na Nollag le cláir Staidéar Thar Lear i roinnt Ollscoileanna sna Stáit Aontaithe ag an bhFóram um Oideachas Thar Lear a reáchtáladh i UCD.

Bhí an chéad sraith léachtaí *Reading the Meath Landscape* ar siúl i mBealtaine agus i Meitheamh. Chlúdaigh seisear léachtóirí topaicí ón Aois Neoiliteach go dtí an 18ú haois.

***The Making of Meath***

D'fhoilsigh Comhairle Chontae na Mí an leabhar *The Making of Meath* agus seoladh é in Ionad Ealaíon *Solstice* i mBealtaine.

### 3.9.8 Grúpa Oibre Chomhairle Chontae na Mí um Thurasóireacht Chultúir

Reáchtáladh roinnt cruinnithe le straitéis a chomhaontú a dhíreodh ar theagmháil idir an pobal agus an tseandálaíocht, an Ghaeltacht, oidhreacht Liteartha na Mí, Ceanannas, baile na leabhar agus leis an bpoitéinseal a scrúdú maidir le ceantar cultúir a bhunú don Mhí agus do Ghleann na Bóinne.

### 3.9.9 Féile Swift Bhaile Átha Troim 2012

Bhí an cúigiú Féile Aoire Swift ar siúl ón 5 – 8 Iúil. Ba é *Dara Ó Briain* a bhí ina phríomh-dhíol spéise ar an gclár agus áiríodh cruinnithe comhchéime, cainteanna, drámaí, tionscnamh Baile Amháin Leabhar Amháin le leabharlann Bhaile Átha Troim, taispeántas *Swift in 30 Objects*, margadh bia ceardaí agus lá spraoi don teaghlach ar na gníomhaíochtaí eile.

### 3.9.10 Tionscadal Fuinneog Dhaite na Teamhrach

Cuireadh fuinneog dhaite Stiúideo Glasshaus agus Scoil Náisiúnta na Scríne ar taispeáint sa Mhí in 2012.

### 3.9.11 Páipéir chomhdhála iarrtha in 2012

| | |
|---|---|
| **Comhdháil** | **ICOMOS/An Chomhairle Oidhreachta: D'áitse nó M'áitse – Comhdháil faoi thionscnaimh nua le teagmháil a dhéanamh le pobail maidir le hoidhreacht a léirmhíniú & a chur i láthair** |
| **Dáta** | **Aibreán 2012** |
| **Ionad** | **Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath** |
| **Teideal an Pháipéir** | **An pobal a chur i dteagmháil le hoidhreacht: I dTeamhair agus níos faide ó bhaile** |

| | |
|---|---|
| **Comhdháil** | **Seimineár Seandálaíochta Pobail Institiúid Seandálaithe na hÉireann** |
| **Dáta** | **Meitheamh 2012** |
| **Ionad** | **Páirc Dhealgan, An Uaimh** |
| **Teideal an Pháipéir** | **Seandálaíocht Phobail, cur chuige comhpháirtíochta** |

| | |
|---|---|
| **Comhdháil** | **Seimineár Taighde Ghleann na Bóinne i gcomhar le UCD agus DKIT** |
| **Dáta** | **Nollaig 2012** |
| **Ionad** | **Baile Shláine** |
| **Teideal an Pháipéir** | **Tréithriú Tírdhreacha Staire ar Láithreán Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne** |

# 4 SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

## 4.1 Imeachtaí Corparáideacha

### 4.1.1 Cuairt Ambasadóirí ar Chontae na Mí

Chuir an Cathaoirleach, an Comhairleoir Eoin Holmes fáilte roimh Ambasadóir na hOstaire, A Oirirceas, Walter Hagg agus a bhean chéile, chuig Oifigí na Comhairle, áit a bhfuair siad cuir i láthair faoi Chontae na Mí.

Chuaigh na haíonna ansin go Teamhair agus tugadh ar thuras treoraithe den láithreán ársa iad. Tá léirthuiscint dhomhain ag an Ambasadóir agus a bhean ar stair agus ar chultúr ársa agus chaith siad roinnt ama ag fothracha Mhainistir Bheigthí sula ndeachaigh siad go Baile Átha Troim, áit a ndeachaigh siad ar thuras siúil den bhaile, lena n-áirítear cuairt ar Chaisleán Bhaile Átha Troim agus timpeallacht an chaisleáin. Tháinig Ambasadóir na Fraince, Madame Emanuelle d'Achon ar cuairt chun na Mí freisin agus tugadh ar thuras í ar láithreán oidhreachta Shí an Bhrú mar chuid dá cuairt.



### 4.1.2 Onóir do Laochra an Chontae Ríoga

Tugadh onóir do bheirt laochra de chuid an chontae ríoga i bpeil, Brian Smyth agus Mattie Gilsenan, ag cruinniú Chomhairle Chontae na Mí i mBealtaine. Thug **Brian Smyth**, iar-fhostaí de chuid Chomhairle Chontae na Mí, ar cúis bróid é sin, corn Mhic Uidhir go Co. na Mí don chéad uair i 1949, agus é ina Chaptaen ar an bhfoireann. Chuaigh Brian le réiteoireacht tar éis go leor blianta a chaitheamh ina imreoir, agus bhí sé ar dhuine de na réiteoirí ba mhó ar léiríodh meas dóibh sa chontae ar feadh go leor blianta. Bhí Mattie Gilsenan ina chaptaen ar fhoireann na Mí nuair a shroich siad a gcéad chluiche ceannais i gcraobh na hÉireann i 1939. Bhí 44 bliain imithe ó bhí an Contae Ríoga i gcluiche ceannais cheana agus ba é an chéad chluiche ceannais acu é in aghaidh Chiarraí. Ní raibh an t-ádh leo an lá úd áfach, agus bhí an bua ag Ciarraí le dhá phointe cé gur léirigh Mattie agus an fhoireann an-scileanna peile agus scórála. Chuaigh Mattie ar aghaidh mar an chéad imreoir de chuid na Mí le bheith ina chaptaen ar Laighin i gcluiche ceannais Chorn an Bhóthair Iarainn i 1940 agus threoraigh sé iad ina mbua ar an Mumhain. Lean sé ar aghaidh ag obair do pheil na Mí mar roghnóir ar feadh go leor blianta.

Thug an Cathaoirleach, Eoin Holmes bronntanais don bheirt aoi le comóradh a dhéanamh ar an méid mór a rinne siad don Pheil Ghaelach i gCo. na Mí.



**4.1.3 Comhairle na hEorpa**

Chuir Cathaoirleach Chomhairle Chontae na Mí, an Comhairleoir Niamh McGowan fáilte roimh chomhaltaí de Choiste Monatóireachta Chomhdháil Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha na hEorpa nuair a thug siad cuairt ar Sheomra na Comhairle an 4 Deireadh Fómhair 2012. Ba éard ba aidhm leis an gcruinniú le Comhairleoirí de chuid Chomhairle Chontae na Mí agus Chomhairle Baile Bhaile Átha Troim cuidiú le hullmhú a dtuarascála ar dhaonlathas áitiúil agus réigiúnach agus lena chinntiú go gcuirfear prionsabail na Cairte Eorpaí um Fhéinrialú Áitiúil i bhfeidhm.

Le linn na cuairte, díríodh ar shaincheisteanna a bhaineann le daonlathas agus rialtas áitiúil, lena n-áirítear athchóiriú rialtais áitiúil, acmhainniú rialtais áitiúil, idir dhaoine agus airgead, cumhachtaí agus feidhmeanna ionadaithe tofa agus oifigigh, agus na naisc idir rialtas áitiúil agus rialtas náisiúnta.

Bhí toscaireacht na Comhdhála déanta suas de bheirt chomhrapóirtéirí, eadhon an tUasal Michael Cohen (Málta, L, SOC) agus Merita Jegeni Yildiz Uasal (an Tuirc, R, EPP/CD). Cuideoidh an tUasal Milan Bucek (Sainchomhairleoir, comhalta den Ghrúpa Saineolaithe Neamhspleácha) agus an comhalta de Rúnaíocht na Comhdhála, Sedef Cankocak Uasal (Comh-Rúnaí don Choiste Monatóireachta) leo.



4.1.4 **Gradam Cathrach do Lucht na gCluichí Oilimpeacha i Londain**

Reáchtáladh searmanas cathartha ag Ionad Cultúir Chill Dhéagláin le haitheantas a thabhairt don ochtar a thug onóir do Chontae na Mí i rith na gCluichí Oilimpeacha i Londain in 2012. Thug Cathaoirleach Chomhairle Chontae na Mí, an Comhairleoir Niamh McGowan, bronntanais do bheirt a ghlac páirt sna Cluichí Oilimpeacha, Cian O'Connor, a fuair bonn cré-umha san imeacht eachléime agus Natalya Coyle a tháinig sa naoú háit i bPeantatlan Nua-Aimseartha na mBan. Ba iad Heather Jameson a bhí san iomaíocht sna himeachtaí lúthchleasa agus James Scully a bhí san iomaíocht sna himeachtaí snámha an bheirt a bhí páirteach sna Cluiche Parailimpeacha ar tugadh onóir dóibh. Tugadh aitheantas freisin do bhainisteoir fhoireann dornálaíochta na hÉireann, Des Donnelly, as an méid mór a rinne sé chun ceithre bhonn Oilimpeacha sa dornálaíocht a thabhairt ar ais go hÉirinn, lena n-áirítear éacht Katie Taylor agus t-aon bhonn óir a fuair Éire a bhuachan. Ba iad Pierce O'Callaghan (lúthchleasaíocht) Carol Uí Fhearghaíl (badmantan) agus Hugh McAtamney (trí-atlan) an triúr oifigeach theicniúla a fuair bronntanais. D'fhreastail an Bainisteoir Contae, Brendan McGrath, Comhairleoirí Cheantar Dhún Seachlainn, an tAire Stáit Talmhaíochta, Shane McEntee T.D. agus Regina Doherty T.D. ar an ócáid freisin.



## 4.2 Na Meáin

Lean Comhairle Chontae na Mí ag baint úsáide as na meáin chlóite, raidió áitiúil agus na meáin shóisialta le cur le feasacht an phobail.

D'eisigh an Chomhairle níos mó na 50 preaseisiúint/ráiteas agus freagraíodh níos mó ná 150 fiosrúchán ó na meáin in 2012. Bunaíodh cuntas *twitter* na Comhairle in 2012 le heolas tábhachtach a chur in iúl do shaoránaigh agus le ceisteanna a fhreagairt tríd an gcainéal meáin sin.

## 4.3 Dámhachtainí

Bhuaigh Comhairle Chontae na Mí An Feachtas Poiblí is Fearr ag Comhlacht Rialtais ag searmanas Ghradaim Bhliantúla Chumann Comhaltaí na nÚdarás Áitiúil i bhFeabhra 2012. Bronnadh an gradam mar aitheantas ar fheachtas poiblí na Comhairle le haghaidh comórtas Chorn Solheim 2011 a reáchtáladh ag Caisleán an Chillín, áit a raibh súile lucht gailf an domhain ar Chontae na Mí ar feadh seachtaine i Meán Fómhair 2011, seachtain a mhairfidh i gcuimhne go deo.

Leis na Gradaim LAMA, tugtar aitheantas do thionscadail den scoth a léiríonn sármhaitheas agus na caighdeáin is airde ag an leibhéal áitiúil, contae agus náisiúnta. Áirítear ar ghnéithe den fheachtas comhpháirtíocht a fhorbairt le príomhpháirtithe leasmhara, tacaíocht don phobal gnó, tacaíocht don

phobal gailf, cur leis an timpeallacht agus clár gníomhaíochtaí bolscaireachta. Leis an bhfeachtas, tugadh eolas agus teachtaireachtaí go raibh Co. na Mí ullamh le himeacht den chaighdeán sin a óstáil ach ní hamháin sin, bheifí in ann é a dhéanamh ar chaighdeán den chéadscoth. Cuireadh Co. na Mí ar ardán idirnáisiúnta ar feadh an imeachta le clúdach beo ar Sky TV do suas le 440 milliún teach ar fud na cruinne. Chuir an tráchtaireacht sna meáin maidir le hardchaighdeán an Ghalfchúrsa agus na radhairc iontacha de Chaisleán an Chillín an Contae agus oidhreacht an chontae ar an ardán domhanda. D'fhreastail 80,000 duine ar an imeacht agus ina measc bhí daoine áitiúla, daoine ó ar fud na hÉireann agus cuairteoirí idirnáisiúnta. Ba rud an-tábhachtach a bhí i luach ar airgead do chuairteoirí le daoine a mhealladh le fanacht sa chontae agus b'fhéidir teacht ar ais amach anseo. Go bunúsach, cuireadh eispéireas fíor-speisialta ar fáil do chuairteoirí i gcomhar le comhpháirtithe an imeachta Fáilte Éireann, *Twenty Eleven* agus Caisleán an Chillín.

### 4.4 Deontais Ardoideachais

Nuair a tugadh reachtaíocht nua isteach in 2011, ceapadh Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath mar an t-aon údarás dámhachtana i ndáil le deontais ardoideachais don bhliain acadúil 2012/2013. Déanann Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath iarratasóirí céaduaire nó iarratais ar chúrsaí nua a phróiseáil. Tá Comhairle Chontae na Mí ag leanúint le hiarratais athnuachana a phróiseáil do gach iarratasóir atá ag leanúint ar aghaidh i gcúrsaí a bhíodh ag fáil cúnamh deontais ón gComhairle roimhe sin. Cuireadh tuairim is 750 iarratas athnuachana isteach chuig Comhairle Chontae na Mí don bhliain acadúil 2012/2013.

Ba €3,025 é an luach a bhí ag deontas iomlán faoi Scéim 2012. B'ionann agus €2,250 na Muirir Ranníocaíochta Mac Léinn arna gclúdach faoin Scéim. Ba tuairim is **€4.5 milliún** an caiteachas foriomlán in 2012 a bhain le deontais Ardoideachais. Déanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna na deontais/táillí uile a íocfar le mic léinn a aisíoc seachas ranníocaíocht sheasta de €14,045.55.

Is iad seo a leanas na catagóirí deontais is iníochta faoin Scéim na nDeontas:

- Cothabháil Iomlán agus Táillí Iomlána
- Cothabháil Pháirteach (75%) agus Táillí Iomlána
- Cothabháil Pháirteach (50%) agus Táillí Iomlána
- Cothabháil Pháirteach (25%) agus Táillí Iomlána
- Táillí Teagaisc páirteacha agus sin amháin
- Muirear Ranníocaíochta Mac Léinn (100%)
- Muirear Ranníocaíochta Mac Léinn (50%)

[redacted]

Seo a leanas staitisticí maidir le hiarratais arna ndámhachtain le 3 bliana anuas:

**4.5 Clár na dToghthóirí**

***Eolas a ghabháil, rialú cáilíochta, foilsiú agus dáileadh Chlár na dToghthóirí a bhainistiú, de réir fhorálacha an Achta Toghcháin.***

Foilsíodh Clár na dToghthóirí i bhFeabhra 2012 agus léiríodh daonra vótála mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Toghthóirí Dála** | **134,118** |
| **Toghthóirí Uachtaránachta** | **132,503** |
| **Toghthóirí Eorpacha** | **135,851** |
| **Toghthóirí Áitiúla** | **137,992** |
| **Postvótálaithe** | **626** |



Tugtar briseadh síos de Thoghthóirí Áitiúla de réir Thoghlimistéir sa chairt thíos:

Reáchtáladh dhá reifreann ann i rith 2012:

- An Reifreann maidir leis an gConradh um Chobhsaíocht Fhioscach a reáchtáladh an 31 Bealtaine 2012.
- An Reifreann maidir le Cearta Leanaí a reáchtáladh an 10 Samhain 2012.

Ullmhaíodh Forlíonadh do Chlár na dToghthóirí roimh gach reifreann. Ba é **2,329** líon Iomlán na dToghthóirí a cuireadh san áireamh i ngach Forlíonadh.

### 4.6 Rialachas Corparáideach agus Bainistiú Riosca

Sainmhínítear rialachas corparáideach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2009) mar na córais agus nósanna imeachta lena ndéantar fiontair a stiúradh agus a bhainistiú. Luaitear ann nach mór do chomhlachtaí stáit freastal do leasanna an cháiníocóra, gabháil do luach ar airgead a fháil ina gcuid iarrachtaí (lena n-áirítear riosca a bhainistiú go cuí) agus gníomhú go trédhearcach mar eintitis phoiblí.

Mar aitheantas ar an tábhacht atá le rialachas corparáideach agus na tionchair a bhíonn aige ar gach gníomhaíocht, ball foirne, Comhairleoir, agus iad sin a úsáideann seirbhísí na Údarás Áitiúil i gContae na Mí, bhunaigh Comhairle Chontae na Mí an tAonad um Rialachas Corparáideach in Eanáir 2012.

Príomhfhorbairtí in 2012:

- **Dlí na gCuideachtaí & Rialachas Corparáideach**
    - Meitheamh 2012 – Cur i láthair ó Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach do bhaill foirne agus do Chomhaltaí Tofa a dhéanann ionadaíocht ar MLAnna ar bhoird chuideachtaí;
    - Samhain 2012 – Cuir i láthair ón ODCE & Grúpa Oibre don Chód Rialachais le haghaidh Eagraíochtaí Pobail, Deonacha & Carthanachta do os cionn 100 eagraíocht pobail agus dheonacha – arna n-eagrú i gcomhar le Grúpa Stiúrtha Pobail & Deonach na Mí agus an Roinn Pobail & Fiontair.

- **Bainistiú Riosca**
    - Samhain 2011 go hAibreán 2012: Comhairliúchán forleathan feadh na heagraíochta leis na príomhrioscaí roimh an eagraíocht a aithint;
    - Bhí baint ag éascú pleananna gnó 2013 leis an bpróiseas sin freisin;
    - Nollaig 2011: Glacadh le Beartas Chomhairle Chontae na Mí um Bainistiú Riosca;
    - Márta – Bealtaine 2012: Ullmhaíodh clár rioscaí rannacha, clár rioscaí comhairle baile agus clár rioscaí corparáideacha;
    - Samhain 2012: Ullmhaíodh agus scaipeadh Treoir maidir le Bainistiú Riosca le cuidiú le monatóireacht a dhéanamh ar riosca agus le cuidiú le riosca a athbhreithniú agus a bhainistiú;
    - Deireadh Fómhair / Samhain 2012: Athbhreithniú leathbhliantúil de na cláir rioscaí rannacha agus comhairle baile agus athbhreithniú eatramhach den chlár rioscaí corparáideacha curtha i gcrích.

- **Riosca Dlíthiúil a Bhainistiú**
    - Lean Foireann Athbhreithnithe na Mórchásanna Dlíthíochta, arna bunú in 2011, le monatóireacht a dhéanamh ar bhainistiú cásanna dlí nó cásanna dlí poitéinsiúla atá tábhachtach nó a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach agus moltaí a dhéanamh nuair is cuí;
    - Samhain 2012: Ullmhaíodh agus scaipeadh Prótacal le haghaidh Cásanna Dlí a Thuairisciú.

- **Creat um Rialachas Corparáideach**
    - Cuireadh tús le hobair, i gcomhar leis an IPA, ar Dhréacht-Chreat um Rialachas Corparáideach a ullmhú, ina léirítear príomhghnéithe rialachais chorparáidigh laistigh d'údarás áitiúil in Éirinn, agus go sonrach i gComhairle Chontae na Mí.

### 4.7 An Coiste Iniúchta

Bhí ceithre chruinniú ag Coiste Iniúchta Chomhairle Chontae na Mí i rith 2012 agus cuireadh a dTuarascáil Bhliantúil i dtoll a chéile ag deireadh na bliana. Is é ról an Choiste Iniúchta:

- Cleachtais agus nósanna imeachta tuairiscithe airgeadais agus buiséid a athbhreithniú.
- Forbairt dea-chleachtais a chothú i gcomhlíonadh feidhm iniúchta inmheánaigh an údaráis.
- Tuarascálacha an Iniúchóra Inmheánaigh agus tuarascáil iniúchta rialtais áitiúil maidir leis an údarás a athbhreithniú agus aon ghníomhartha arna nglacadh ag an mbainistíocht laistigh den údarás mar fhreagairt do na tuarascálacha sin a mheasúnú.
- Éifeachtúlacht agus luach ar airgead maidir le comhlíonadh an údaráis dá fheidhmeanna a mheasúnú agus a chur chun cinn.
- Córais arna bhfeidhmiú ag an údarás le haghaidh riosca a bhainistiú a athbhreithniú, agus moltaí a dhéanamh don údarás mar a mheasann an Coiste a bheith cuí i ndáil leis na hábhair roimhe seo.

Ceadaíodh Cairt leasaithe an Choiste Iniúchta, a cheadaigh an Coiste Iniúchta in 2011, ag cruinniú iomlán de chuid na Comhairle in Aibreán 2012.

Fuair an coiste roinnt cur i láthair agus tuarascálacha ón gCeannasaí Airgeadais agus Ceannasaí Iniúchta Inmheánaigh.

### 4.8 Saoráil Faisnéise

Tá Comhairle Chontae na Mí ag leanúint de bheith ag cinntiú go mbeidh rochtain ag aon duine a bhfuil leas ceart acu faisnéis a fháil ar an bhfaisnéis sin trí na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (FoI), 1997 & 2003.

Is iad na taifid sin nach bhfuil ar fáil cheana féin faoi reachtaíocht eile a chuirtear ar fáil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise agus baineann sé le gach taifead in údaráis áitiúla a cruthaíodh i ndiaidh 21 Deireadh Fómhair 1998.

Is iad seo a leanas staitisticí 2012 a bhaineann le hIarratais um Shaoráil Faisnéise:

| | |
|---|---|
| **Iarratais a Fuarthas** | **43** |
| **Tugtha ar Aghaidh ó 2011** | **6** |
| **Iomlán** | **49** |

| | |
|---|---|
| **Líon na n-iarratas a deonaíodh / a deonaíodh i bpáirt** | **35** |
| **Líon na n-iarratas a diúltaíodh** | **6** |
| **Iarratais a aistríodh** | **0** |
| **Tarraingthe siar nó déileáladh leo lasmuigh de FOI** | **1** |
| **Cásanna beo ag deireadh 2012** | **5** |

| | |
|---|---|
| **Líon na nAthbhreithnithe Inmheánacha** | **6** |
| **Líon na nAchomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise** | **2** |

### 4.9 Sláinte agus Sábháilteacht

Lean Údaráis Áitiúla na Mí lena dtiomantas Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair a fheabhsú maidir le háit oibre shábháilte, laghdú i ngortú agus breoiteacht saothair agus freagracht phearsanta a spreagadh. Cuireann an Fhoireann Bainistíochta Shinsearach cur chun feidhme dea-chleachtas Sábháilteachta agus Sláinte san áit oibre chun cinn agus a chuireann bainisteoirí líne i ngach rannóg agus ceantar i bhfeidhm. Is é cuspóir croíláir na hEagraíochta timpeallacht oibre Shábháilte agus Folláin a chur ar fáil.

Cuireadh cúrsaí oiliúna Sábháilteachta agus Sláinte ar fáil iontu seo a leanas:

- Roithleáin Scríobacha
- Clóirín a Láimhseáil
- Áiteanna Cúnga
- Déileáil le hiompraíocht Achrannach
- CPC Tiománaithe
- Lámhleabhar Sábháilteachta d'Fhostaithe

- Maor Dóiteáin
- Córas Oibrithe Aonair
- Láimhsiú

**4.10 Comhpháirtíocht san Ionad Oibre**

Rinneadh Comhpháirtíocht san Ionad Oibre a athbhunú in 2012 agus bhí trí chruinniú ag an nGrúpa Um Athruithe Móra a Láimhseáil agus ag an gCoiste áitiúil um Chomhpháirtíocht san Ionad Oibre araon. Cuireann an Coiste um Chomhpháirtíocht san Ionad Oibre ar chumas Bainisteoirí agus ionadaithe Ceardchumann obair a dhéanamh le chéile le go n-éireoidh leo comhchláir oibre a chomhaontú.

**4.11 Gnóthachtáil Shóisearach**

I rith bhliain acadúil 2011/2012, thug deichniúr fostaithe scileanna fiontair agus saoil nuálacha, idirghníomhacha i saol 302 mac léinn i S.N. Naomh Oilibhéir Pluincéad san Uaimh agus Scoil Naomh Eoin san Uaimh. Spreagann na saorálaithe oilte mic léinn smaoineamh ar an tslí bheatha is mian leo a bhaint amach trí spriocanna a leagan amach agus díriú ar an todhchaí.



## 5 FORBAIRT GHEILLEAGRACH AGUS NUÁLAÍOCHT

### 5.1 Forbairt Gheilleagrach

Ceapadh Oifigeach Forbartha Geilleagraí i gcomhar le *Navan Enterprise Centre Company* anuraidh le roinnt tionscnamh geilleagrach a fhorbairt.

Rinneadh taighde ar phróifílí geilleagracha le haghaidh 7 bpríomhláthair sa chontae. Úsáideadh an t-eolas ansin le hábhair mhargaíochta geilleagraí ar ardchaighdeán a tháirgeadh do na ceantair sin. Léirítear sna bróisiúir sin an cás gnó agus na deiseanna stíl mhaireachtála atá ar fáil do ghnó atá á bhunú i gCo. na Mí agus sna láithreacha sin ach go háirithe.

Chomh maith leis sin ullmhaíodh próifíl gheilleagrach uileghabhálach don chontae dar teideal … "*Make it Meath*."

Go dtí seo, tá próifílí seolta i gCo. na Mí don Uaimh, do Chill Dhéagláin agus do Cheanannas dar teideal … "*Make it Navan* …" "*Make it Ashbourne* …" agus "*Make it Kells*…." Tá 4 de na próifílí geilleagracha sin ar fáil le híoslódáil ar láithreán gréasáin na comhairle faoi láthair.

Chomh maith leis sin, d'oibrigh an t-aonad Forbartha Geilleagraí & Nuálaíochta le comhghleacaithe i ngníomhaireachtaí eile le tionscadail gheilleagracha a chur chun cinn i rith na bliana.

Reáchtáladh ceiliúradh de bhia ceardaí, *Bia na Mí*, ag an Óstán Headfort Arms i gCeanannas i rith an tsamhraidh. Tharraing an ócáid go leor táirgeoirí bia ceardaí áitiúla a chuir a gcuid táirgí iontacha ar taispeáint don phobal.

Mar chomhairle ar comhalta í de Réigiún Teorann an Oirthir, grúpáil trasteorann de chomhairlí, mhaoinigh clár INTERREG an Aontais Eorpaigh roinnt tionscnamh nua i rith na bliana chun tacú le gnó ar fud an réigiúin. Ba iad sin:

Slabhra Soláthair Eolaíochtaí Beatha - Tá sé mar aidhm leis an gclár sin a chur ar chumas cuideachtaí dul isteach sa slabhra soláthair do chuideachtaí Eolaíochtaí Beatha móra.

STEM (Líonra Gnó Inbhuanaithe) – Tá sé mar aidhm leis an gclár sin cuidiú le gnólachtaí áitiúla an méid a chaitheann siad i réimsí fuinnimh agus dramhaíola a laghdú.

Mol Éiceolaíochta Cliste. - Tá sé mar aidhm leis an gclár sin cuidiú le gnólachtaí áitiúla san earnáil " Fuinneamh Cliste" rochtain a fháil ar thacaíochtaí ardleibhéil, lena n-áirítear R&D lena n-oibríochtaí a fhorbairt.

Clár Plato – Tá sé mar aidhm leis an gclár sin naisc a dhéanamh idir cuideachtaí móra agus cuideachtaí beaga, agus déanfaidh an chuideachta mhór meantóireacht ar an gcuideachta bheag laistigh de thimpeallacht an líonra.

Fuair Co. na Mí maoiniú €253,000 i rith 2012 ón gClár INTERREG le taitneamhachtaí turasóireachta a fhorbairt i 6 áit sa chontae.

Lean an Chomhairle leis an gcomhpháirtíocht leis an *Meath Chronicle* agus, i gcomhar leis an nuachtán agus le *Generali PanEurope*, reáchtáladh Gradaim Ghnó agus Turasóireachta na Mí 2012, lena dtugtar aitheantas agus duais do ghnólachtaí áitiúla den scoth. Ba é seo an tríú bliain ar an bhfód ag an imeacht agus tá sé aitheanta anois mar an phríomhócáid ghnó sa chontae. Tá sé i gceist leanúint leis an gcomhpháirtíocht seo a bhfuil ag éirí go maith leis in 2013.

# 6 SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA, DÓITEÁIN, UISCE AGUS COMHSHAOIL

## 6.1 An Clár Uisce Tuaithe

Tá go leor airgid fós á chaitheamh faoin gClár Uisce Tuaithe, a chlúdaíonn na hearnálacha seo a leanas:

- *Grúpscéimeanna Uisce agus Séarachais:* 55 scéim curtha i gcrích ar chostas breis agus €5m (1997 - 2012);
- *Scéimeanna Beaga Uisce agus Séarachais* (teorainn tairsí €1m): 160 scéim curtha i gcrích ar chostas breis agus €13m (1997-2012);
- *Grúpscéimeanna a Thógáil i gCúram:* 32 scéim curtha i gcrích ar chostas breis agus €1m (1998-2012);
- *Deontais Toibreacha:* Caiteachas níos mó ná €3.5m.

## 6.2 Ceadúnais Dhoirte Fuíolluisce (WWDLanna)

Ag deireadh na bliana 2012, deonaíodh 11 as 20 Ceadúnas Doirte Fuíolluisce na Comhairle, chomh maith leis na 20 Deimhniú Údaraithe Fuíolluisce uile. Leanfaidh eisiúint na gceadúnas agus na ndeimhnithe sin ag cur le dualgais reachtúla na Comhairle, agus leis na costais ghaolmhara, a mbaineann dúshlán faoi leith leo i gcónaí.

## 6.3 Uisce Éireann

Bhunaigh an Rialtas cuideachta fóntais uisce phoiblí, Uisce Éireann, in Aibreán 2012, mar chuideachta neamhspleách faoi úinéireacht an stáit laistigh de Ghrúpa Bhord Gáis le feidhmeanna oibríochta agus seachadta caipitil na nÚdarás Áitiúil i réimse na seirbhísí uisce a thógáil i gcúram.

Déanfar athrú ar chúrsaí uisce i dhá chéim: an chéad chéim idir deireadh 2013 agus deireadh 2017, agus an tréimhse i ndiaidh 2017. I rith na chéad chéime, déanfar údarás seirbhísí uisce reachtúil d'Uisce Éireann, le freagracht as seirbhísí uisce a phleanáil agus a sheachadadh. Éascófar é sin le reachtaíocht a achtófar sa leath deiridh de 2013.

Feidhmeoidh Údaráis Áitiúla, áfach, mar ghníomhairí de chuid Uisce Éireann go dtí deireadh 2017 ar a laghad, ach b'fhéidir ina dhiaidh sin, agus déanfar na feidhmeanna a sheachadadh faoi chomhaontuithe seirbhíse.

Beidh an EPA freagrach as Uisce Éireann a rialáil agus is é an Coimisiúin um Rialáil Fuinnimh a bheidh freagrach as leibhéal na bpraghsanna agus an beartas praghsála.

## 6.4 Meastóireacht maidir le Plean Bhainistiú Dramhaíola an Oirthuaiscirt 2005-2010

Éilíodh le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (an Treoir Dramhaíola) 2011 (I.R. 126 de 2011) lenar ndearnadh an Chreat-Treoir Dramhaíola (2008/98/CE) a thrasuí i ndlí na hÉireann go ndéanfaí meastóireacht ar phleananna bainistithe dramhaíola bunaithe faoin 31 Nollaig 2012 agus, de dhroim na meastóireachta sin, go ndéanfar an Plean a leasú nó a athsholáthar de réir mar is gá le forálacha na Treorach a chomhlíonadh. Go dtí go gcuirfear an próiseas meastóireachta i gcrích agus go gcinnfear na pleananna atá ann a leasú nó a athsholáthar, foráiltear sa reachtaíocht leanúint leis an bplean atá ann suas go deireadh 2013. Shocraigh an grúpa stiúrtha do Réigiún Bhainistiú Dramhaíola an Oirthuaiscirt, atá comhdhéanta de Chontaetha na Mí, Lú, an Chabháin agus Mhuineacháin, go gcuirfí an mheastóireacht sin i gcrích.

**6.4.1 Doiciméad um Beartas Náisiúnta Dramhaíola "*A Resource Opportunity*"**

Sheol an Rialtas doiciméad nua um bheartas bainistithe Dramhaíola "*A Resource Opportunity*" i mí Iúil 2012. Leagtar amach ann bearta trína ndéanfaidh Éire tuilleadh dul chun cinn atá riachtanach le bheith mar shochaí athchúrsála le fócas soiléir ar éifeachtúlacht acmhainní agus fáil réidh beagnach uile le dramhaíl chathrach a chur chuig líonadh talún. Cuirtear béim mhór ar roinnt gníomhartha sa doiciméad beartais lena n-áirítear:

- Imeacht ó Líonadh Talún trí chosc, athúsáid, athchúrsáil, agus aisghabháil.
- Araidí Donna a leathadh amach – caithfear na Rialacháin maidir le Bia Tí a chur i bhfeidhm dó sin.
- Costais a choinneáil íseal don Tomhaltóir – córas rialála nua agus neartaithe.
- Caighdeáin Seirbhísithe nua agus struchtúir mhuirearaithe thrédhearcacha ag oibreoirí.
- Athbhreithniú ar Fhreagrachtaí Táirgeoirí.
- Laghdú i líon na Réigiún Dramhaíola ó 10 go dtí 3 ar a mhéad.
- Athbhreithniú fadréimseach ar na socruithe atá ann cheana féin maidir le freagracht táirgeoirí (PR) atá i bhfeidhm faoi láthair, mar shampla i ndáil le WEEE, Ceallraí, Pacáistíocht, Plaistigh Feirme, Boinn srl.

**6.4.2 Oifig Náisiúnta um Chead Bailithe Dramhaíola a bhunú (NWCPO)**

An 1ú Feabhra 2012, ainmníodh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí mar an tÚdarás a bheidh freagrach as gach iarratas nua ar Chead Bailithe Dramhaíola agus iarratais athbhreithnithe a fhaightear ar an dáta sin nó ina dhiaidh a phróiseáil. Tabharfar an Oifig Náisiúnta um Chead Bailithe Dramhaíola (NWCPO) ar an Údarás Ainmnithe seo. Is í Comhairle Chontae na Mí a bhí i mbun na feidhme roimhe seo agus í ag feidhmiú mar an tÚdarás ainmnithe do Réigiún Bainistíochta Dramhaíola an Oirthuaiscirt. Faoi na Rialacháin Bainistithe Dramhaíola (Cead Bailithe) 2007 agus na Rialacháin Bainistithe Dramhaíola (Leasaithe) 2008, ní mór dóibhsean a bhfuil sé beartaithe acu gníomhaíochtaí bailithe dramhaíola a dhéanamh i gceantar Údaráis Áitiúil iarratas a dhéanamh ar chead bailithe dramhaíola. Baineann an riachtanas seo le daoine aonair, cuideachtaí agus comhpháirtíochtaí.

**6.4.3 An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012 – Umair Sheipteacha a Chlárú**

Faoin Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012 tugadh isteach córas Cláraithe agus imscrúdaithe nua d'umair sheipteacha agus do chórais cóireála fuíolluisce baile eile. Tugadh isteach an reachtaíocht tar éis rialaithe a rinne Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in 2009 a shocraigh go raibh Éire ag sárú Chreat-Treoir Dramhaíola 2006/12/EC maidir le cóireáil uiscí dramhaíola ó umair sheipteacha agus eile ar chórais cóireála dramhaíola ar an láithreán. Éilíonn an reachtaíocht ar úinéirí maoine atá ceangailte le humar seipteach nó le córas eile clárú leis an Údarás Áitiúil roimh an 1ú Feabhra 2013 agus táille cláraithe €50 a íoc ina leith sin (tar éis 28ú Meán Fómhair 2012). Táthar chun tús a chur le himscrúduithe bunaithe ar rioscaí in 2013 a dhéanfaidh na húdaráis áitiúla de réir Plean Náisiúnta Imscrúdaithe a bheidh eagraithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

**6.4.4 Síntí ar an gCosc ar Ghual Deataithe**

In Iúil 2012, d'fhógair an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil go bhfuiltear chun leasú a dhéanamh ar an 'gcosc ar ghual deataithe' roimh an chéad shéasúr breosla geimhriúil eile. Tá an Uaimh ar cheann de na seacht mbaile nua curtha faoi na rialacháin ó tharla go bhfuil níos mó ná 15,000 duine ina gcónaí ann agus déanfar an ceantar i nDroichead Átha atá clúdaithe faoi na rialacháin a leathnú amach ionas go mbeidh áiteanna laistigh de theorainn riaracháin na Mí san áireamh sna rialacháin.

**6.4.5 Athrú Aeráide**

Leanadh ar aghaidh leis an dul chun cinn atáthar a dhéanamh ar an Straitéis Chorparáideach um Athrú Aeráide a éilíonn ar an gComhairle astuithe carbóin chorparáideacha a laghdú 3% in aghaidh na bliana (a mbeidh coigiltis airgeadais ag baint leis) as seo amach.

Sa bhreis air sin, cheap MCC bainisteoir saoráidí a bhfuil sé d'fhreagracht air fuinneamh a bhainistiú agus táthar chun foireann chaomhnaithe fuinnimh a bhunú. Shínigh an Chomhairle conarthaí maidir le Soláthar Cárta Muirir Leictreachais, Gáis agus Breosla leis an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair agus rinneadh mapáil na n-uimhreacha tagartha méadarphointe ar an gCóras Faisnéise Geografaí (eolas Léarscáile) sa Chontae a chríochnú.

**6.4.6 Pleananna Bainistithe Ceantair Abhantraí**

Ghlac an Chomhairle leis an bPlean Bainistithe Abhantraí an Oirthir (ERBD) i nDeireadh Fómhair 2009. Glacadh le Pleananna Idirnáisiúnta na Sionainne agus Abhantraí Eathach Banna in Aibreán 2010. Beidh acmhainní suntasacha de dhíth le go mbeidh an Chomhairle in ann na spriocanna atá leagtha amach a chomhlíonadh. Rachaidh an tionchar dearfach a bheidh ag cur i bhfeidhm na bpleananna seo ar chomhlachtaí uisce i bhformhór Chontae na Mí chun leasa an chontae.

**6.5 Gearáin agus Forfheidhmiú maidir le Dramhaíl:**

Táthar ag leanúint fós le hobair ar shaincheisteanna forfheidhmithe agus monatóireachta maidir le hUisce & Truailliú Uisce, Truailliú Bruscair, Láithreáin Thréigthe agus Madraí & Capaill a Rialú.

- Lean an Chomhairle le hoibríochtaí CCTV a úsáid ag bainc 'fág anseo' ar fud an chontae chun comhlíonadh an Achta um Thruailliú ó Bhruscar a fhorfheidhmiú.
- In 2012, chuir an Chomhairle tús le tionscadal chun athbhreithniú a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaí a bheith níos éifeachtaí agus í ag dul i ngleic le Láithreáin Thréigthe ar fud an chontae.
- Chuaigh an Chomhairle i mbun conartha nua maidir le hoibriú saoráidí pónaí Madraí agus Capall do Chontae na Mí in 2012.
- Déantar formhór an mhaoinithe a bhaineann le ról Oifigeach Tréidliachta an Chontae agus seirbhísí gaolmhara a fhorchúiteamh ón FSAI.
- Tá an Chomhairle ag leanúint ar aghaidh le feachtais Frithbhruscar agus Dumpáil Neamhdhleathach ar fud an chontae. Mar chuid de na feachtais seo, oibríonn an Chomhairle le pobail áitiúla, le hoibrithe bailithe dramhaíola, leis na meáin áitiúla agus leis na comhaltaí tofa. Beartaítear leanúint leis na cleachtais seo in 2013.
- Tá trí Láithreán Conláiste Cathartha an chontae (arna bhfeidhmiú ag Oxigen Environmental ar son na Comhairle), a dtacaíonn an líonra ionad 'fág anseo' atá ar fud na tíre leo, ag cur go mór le leibhéil athchúrsála, ach tá dumpáil neamhdhleathach ag roinnt de na bainc 'fág anseo' fós ina ábhar imní. In 2012, lean an Chomhairle ar aghaidh ag úsáid oibritheoir bailithe dramhaíola chun tacú le deireadh a chur le dramhaíl a dhumpáil go neamhdhleathach, go

háirithe ar feadh taobhanna bóithre. Tá ag éirí go maith leis an togra seo ainneoin líon foirne teoranta. Beartaítear leanúint leis an togra seo agus é a leathnú amach in 2013.

**6.6 Reiligí**

In 2012, tugadh suirbhé sonraithe ar 231 reilig i gContae na Mí i gcrích, agus cuireann seo eolas luachmhar ar fáil maidir le stádas agus cumas a chuirfidh go mór anois le beartais reiligí a fhorbairt a thabharfaidh aghaidh ar na riachtanais fadtéarmacha a bhaineann le reiligí agus na riachtanais sin a chur ar pháipéar.

Sa suirbhé aithníodh roinnt reiligí ar lú ná 5 bliana an acmhainne a bhí ag baint leo agus dá bhrí sin ní mór aird a thabhairt orthu ó tharla go mbíonn go leor ama ag baint le suíomh oiriúnach a fháil mar aon le pleanáil, soláthar agus tógáil. Mar gheall ar na deacrachtaí a bhaineann le suíomh oiriúnach a fháil ó thaobh na geolaíochta de agus ó thaobh na gcostas a bhaineann le síntí beaga ar reiligí atá ann cheana féin a chothabháil, luaitear sa bheartas adhlactha atá i mbun forbartha, gur fearr cur chuige réigiúnach a ghlacadh i leith soláthar reiligí.

Ullmhaíodh cáipéisí conartha do Reilig Dhún Seachlainn i Derrockstown agus táthar i mbun athbhreithnithe faoi láthair ar na cáipéisí sin agus meastar go gcuirfear an obair seo amach ar chonradh go luath in 2013. Beartaítear píosa a chur le reilig Dhún Búinne. Léirigh oibreacha imscrúdaithe láithreáin breise a rinneadh, áfach, go mbeidh móroibreacha feabhsaithe de dhíth chun an láithreán atá beartaithe don síniú a dhéanamh oiriúnach d'adhlacthaí. Déanfar oibreacha imscrúdaithe láithreáin i gCill Chluana chun féachaint an bhfuil sé oiriúnach ó thaobh na geolaíochta de síneadh a chur ar an láithreáin seo.

**6.5. Cosaint Shibhialta**

Bhí bliain ghnóthach ag oibrithe deonacha Chosaint Shibhialta i gCo. na Mí. Thug beirt oibrí deonacha agus fiche cúrsa Chéad Freagróra Éigeandála (EFR) i gcrích go rathúil. Cháiligh oibrithe deonacha i roinnt cúrsaí eile freisin, Garchabhair ag an Obair, An Chéad Fhreagróir Cairdiach agus oibrithe Tarrthála Rópa san áireamh. Chuir seisear oibrí deonach cúrsa ALERT i gcrích go rathúil arna rith ag Ospidéal San Séamus, chuir triúr eile cúrsa PHTLS i gcrích arna rith ag an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna agus chuir beirt oibrí deonacha cúrsa ATT i gcrích a ritheadh i gcomhar le hOllscoil Luimnigh.

Ghlac oibrithe deonacha páirt ghníomhach i gcéad agus a cúig déag imeacht i rith 2012 ina raibh 1567 lá oibre deonach i gceist, agus dá bhrí sin ba í seo an bhliain ba ghnóthaí don Chosaint Shibhialta go dtí seo. Ghlac foireann de sheisear oibrí deonach páirt i "GrimpDay", comórtas idirnáisiúnta tarrthála rópa sa Bheilg i mBealtaine, tráth a ndeachaigh siad i gcomórtas in aghaidh foirne lánaimseartha seirbhísí dóiteáin agus míleata ó ar fud na hEorpa. I nDeireadh Fómhair ghlac foireann de dhá oibrí deonach dhéag páirt i gcomórtais Réigiúnacha ildisciplíneacha i gContae Lú agus bhain siad an dara áit amach.

D'éirigh ceathrar oibrí deonacha sinsearacha as an obair in 2012. Is iad sin na Teagascóirí Monica Lynch agus Ann McGivney agus na hoibrithe deonacha Sheila Yore agus Betty Gaynor a chaith, le chéile, níos mó ná céad bliain agus fiche i mbun seirbhíse sa tSeirbhís Shibhialta. Rinne an Bainisteoir Contae cur i láthair os comhair na ndaoine seo ag ócáid i mí Meithimh.



**6.6. Seirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála**

Mar Údarás Dóiteáin, tá Comhairle Chontae na Mí freagrach as seirbhís éigeandála agus dóiteáin a chur ar fáil do Chontae na Mí, lena n-áirítear na trí chomhairle baile – an Uaimh, Baile Átha Troim & Ceanannas. Oibríonn Seirbhís Dóiteáin Chomhairle Chontae na Mí go príomha faoi fhorálacha an Achta Seirbhísí Dóiteáin 1981 & 2003, chomh maith le reachtaíocht eile mar an tAcht um Rialú Foirgníochta 2007, na Rialacháin Rialaithe Foirgníochta 1997 - 2009, na Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha 1979, Na Rialacháin Deis Éalaithe 1985, agus An tAcht um Cheadúnú Imeachtaí Faoi Dhíon 2003.

D'eisigh an Stiúrthóireacht Náisiúnta do Bhainistiú Dóiteáin agus Éigeandála an clár Treoirlínte Oibríochta Caighdeánacha (SOGanna) agus leanadh len é a chur i bhfeidhm i rith 2012. Déanfar na SOGanna a chur i bhfeidhm go hiomlán ar feadh na dtrí go ceithre bliana a leagadh amach. Táthar ag rith an chláir seo ag teacht le riachtanais oiliúna atá ann cheana féin laistigh den tSeirbhís Dóiteáin agus dá bhrí sin tá gá le hacmhainní airgeadais breise chun an clár seo a chur i bhfeidhm go hiomlán.

**6.6.1. Oibríochtaí Dóiteáin**

Tá Ceanncheathrú Sheirbhís Dóiteáin Chontae na Mí lonnaithe ag an lár-stáisiún dóiteáin ar Bhóthar na Mainistreach, san Uaimh.

Tá sé stáisiún eile lonnaithe ar fud an chontae:

- Cill Dhéagláin
- Dún Seachlainn
- Ceanannas
- An Obair
- An Seanchaisleán
- Baile Átha Troim

Cuireann Seirbhís Dóiteáin Chomhairle Chontae na Mí freagra chéad líne ar fáil ar gach cineál éigeandála ar fud Chontae na Mí, na nithe seo a leanas ina measc

- Dóiteáin in áitribh chónaithe
- Dóiteáin simléir
- Dóiteáin in áitribh thráchtála/thionsclaíoch agus ina gcruinníonn daoine le chéile
- Dóiteáin fhoraoise/phortaigh/fhéaraigh
- Timpistí Tráchta Bóthair (RTC)
- Dóiteáin charr/fheithicle
- Tuilte & eachtraí pumpála uisce
- Tarrthálacha aibhneacha
- Eachtraí le ceimiceáin ghuaiseacha
- Éigeandáil Ghuaise Comhshaoil
- Aláraim dhóiteáin ag bualadh
- Eachtraí Seirbhíse Speisialta

Áiríodh ar chúrsaí breise a cuireadh i gcrích in 2012:

- Oiliúint Athnuachana Gaireas Análaithe;
- Oiliúint do Theagascóirí Láimhsiú Sábháilte;
- Oiliúint Athnuachana in Iompar i nDóiteán Urrainne;
- Oiliúint Orduithe & Rialaithe Sinsearach;
- Oiliúint ón Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistiú Dóiteáin & Éigeandála
    - Cúrsa maidir le Timpistí Tráchta Bóthair
    - Cúrsa maidir le Ábhair Ghuaiseacha
    - An Cúrsa d'Fho-Oifigigh Aonad 1
    - Cúrsa Innealtóireachta Sábháilteachta Dóiteáin
    - An Cúrsa Teagascóir 1
    - Ordú Sinsearach
- Leanadh le hoiliúint sna Treoirlínte Oibríochta Caighdeánacha (SOG) a chur ar na comhraiceoirí dóiteáin ar fad in 2012 agus leanfaidh seo ar aghaidh freisin sa chéad dhá bhliain eile.

### 6.6.2. Dóiteán a Chosc

Tá ról lárnach ag an tSeirbhís Dóiteáin maidir le caighdeáin shábháilteachta dóiteáin i ndearadh foirgneamh nua agus iad sin atá ann cheana féin agus maidir leis na gnéithe sábháilteachta dóiteáin a bhaineann leis an úsáid laethúil a bhaintear as foirgnimh a bhfuil teacht ag an bpobal orthu. Áirítear ar bhearta chun dóiteáin a chosc:

- Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteáin a dheonú nó a dhiúltú. Tá ceanglas ar gach forbairt seachas tithíocht phríobháideach iarratas a dhéanamh ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteáin ón Údarás Dóiteáin, i.e. Comhairle Chontae na Mí. Ní mór Fógra Tosach Feidhme a chur ar aghaidh chuig an Roinn Pleanála ansin sula gcuirtear tús leis an bhforbairt. Coimeádann an t-údarás áitiúil clár Fógraí Tosach Feidhme agus Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteáin.
- Déanann Oifigigh Dóiteáin iarratais phleanála a mheasúnú i ndáil le riachtanais sábháilteachta dóiteáin agus cuirtear ar aghaidh ansin iad chuig Roinn Pleanála na Comhairle;

- Cuirtear clár iniúchtaí sábháilteachta dóiteáin i gcrích ar áitribh cheadúnaithe chomh maith d'ócáidí móra mar cheolchoirmeacha agus d'fhéilte amuigh faoin spéir.
- Déantar iniúchtaí sábháilteachta dóiteáin ar fhoirgnimh a dtuairiscítear sáruithe ar shábháilteacht dóiteáin iontu.
- Déantar iniúchtaí maidir le ceadúnais Damhsa/Bialanna/Clubanna a athnuachan – go háirithe i Lúnasa/Meán Fómhair/Deireadh Fómhair/Samhain.
- Déantar iniúchtaí ar Iarratais ar Cheadúnais Pheitriliam faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha, 1979.
- Tionscadail Sábháilteachta Dóiteáin sa Phobal, lena n-áirítear:
    - ➢ Cainteanna/cuairteanna ar ghrúpaí pobail
    - ➢ Clár na Seachtaine Sábháilteachta Dóiteáin Náisiúnta
    - ➢ Clár sábháilteachta dóiteáin 12 lá na Nollag, a reáchtálann Comhairle Chontae na Mí gach bliain
    - ➢ Cuairteanna chuig na bunscoileanna go léir i gContae na Mí faoin gClár Náisiúnta Sábháilteachta Dóiteáin na mBunscoileanna – thug pearsanra na seirbhíse dóiteáin cuairt ar bhreis agus 100 bunscoil ar fud Chontae na Mí mar chuid den chlár sábháilteachta dóiteáin seo in 2012.
- An Creat do Bhainistiú Mhóréigeandálacha – leanadh ar aghaidh ag cur oiliúna ar phríomhchomhaltaí foirne in 2012 maidir le hullmhacht Chomhairle Chontae na Mí dul i ngleic le móréigeandálacha lena n-áirítear páirt a ghlacadh i bpleanáil, oiliúint agus cleachtaí réigiúnacha. Cumas an phobail a threisiú is é príomhfhócas na Comhairle i gcomhthéacs na drochaimsire a fuarthas le dhá gheimhreadh anuas mar aon le leanúachas gnó a thabhairt cothrom le dáta i gcónaí faoin gcreat MEM lena chinntiú go leanfar ar aghaidh le hobair na Comhairle agus na Seirbhíse Dóiteáin agus Tarrthála dá mba rud é go dtarlódh móréigeandáil ar bith.

**Staitisticí Dóiteáin -2012**

| 2012 Staitisticí Dóiteáin | An Uaimh | Dún Seachlain n | Cill Dhéagl áin | Baile Átha Troim | Ceanannas | An Seanchais leán | An Obair | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Foirgnimh Bhaile:** | | | | | | | | |
| Dóiteáin Simléir i dTithe | 25 | 11 | 8 | 30 | 22 | 9 | 4 | **109** |
| Dóiteáin Eile i dTithe | 25 | 10 | 11 | 6 | 11 | 3 | 1 | **67** |
| Árasáin & Árasáin Aon Seomra | 6 | 2 | 1 | 2 | 0 | 0 | 0 | **11** |
| Carbháin / Tithe Soghluaiste | 2 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | **3** |
| **Institiúidí:** | | | | | | | | |
| Scoileanna/Ospidéil/Eile | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **3** |
| **Tionsclaíoch:** | | | | | | | | |
| Monarchana | 3 | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | **7** |
| **Tráchtáil:** | | | | | | | | |
| Siopaí /Ollmhargaí | 2 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | **4** |
| Bialanna | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| Óstáin/Tithe Ósta/Tithe Lóistín | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Seirbhís:** | | | | | | | | |
| Tithe Tábhairne | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | **3** |
| Bialanna | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **1** |
| Áiteanna Siamsaíochta Poiblí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| Eile: | | | | | | | | |
| Feithiclí Mótair | 38 | 19 | 17 | 13 | 10 | 2 | 3 | **102** |
| Stáisiúin Pheitril & Garáistí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| Foirgnimh gan Áitiú | 14 | 5 | 5 | 0 | 1 | 0 | 0 | **25** |
| Foirgnimh Talmhaíochta | 4 | 1 | 3 | 1 | 1 | 0 | 1 | **11** |
| Foraois/Portach/Féarach etc | 24 | 7 | 6 | 2 | 4 | 4 | 0 | **47** |
| Stóras Faoin Spéir | 17 | 5 | 5 | 4 | 6 | 3 | 0 | **40** |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bruscar Faoin Spéir | 52 | 11 | 11 | 8 | 8 | 3 | 3 | **96** |
| Ilghnéitheach | 2 | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | **5** |
| **Iomlán na nDóiteán 2011** | **219** | **73** | **72** | **69** | **64** | **25** | **12** | **534** |
| Eachtraí Bréagrabhaidh | | | | | | | | |
| 1. Mailíseacha | 13 | 3 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | **18** |
| 2. Dea-rún | 86 | 37 | 36 | 39 | 15 | 6 | 9 | **228** |
| **Iomlán na mBréagrabhadh** | **99** | **40** | **37** | **40** | **15** | **6** | **9** | **246** |
| **Seirbhísí Speisialta** | | | | | | | | |
| Timpistí Tráchta Bóthair | 32 | 29 | 21 | 17 | 9 | 1 | 8 | **117** |
| Tuilte Pumpála Uisce | 5 | 0 | 1 | 1 | 7 | 7 | 0 | **21** |
| Substaintí Guaiseacha | 3 | 0 | 1 | 0 | 1 | 4 | 2 | **11** |
| Tarrthála Eile Nár Bhain le Dóiteáin | 4 | 2 | 3 | 1 | 3 | 0 | 0 | **13** |
| Ilghnéitheach | 16 | 9 | 14 | 10 | 5 | 7 | 12 | **73** |
| **Iomlán na Seirbhísí Speisialta** | **60** | **40** | **40** | **29** | **25** | **19** | **22** | **235** |
| **Iomlán** | **378** | **153** | **149** | **138** | **104** | **50** | **43** | **1015** |

## 7 TITHÍOCHT

In ainneoin na ndúshlán go léir de bharr na haeráide eacnamaíochta reatha, lena n-áirítear leithroinntí níos lú do thionscadail Chaipitil agus acmhainní níos lú, chuir Roinn Tithíochta Chomhairle Chontae na Mí roinnt tionscadal chun cinn as a leithroinnt Chaipitil de bheagán níos mó ná €8.1 milliún in 2012.

Mar gheall ar na himthosca buiséid athraithe, lean an Clár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta ar aghaidh ag díriú ar thithíocht shóisialta le shraith roghanna soláthair neamhthógála lena n-áirítear Léasú Sóisialta agus an Scéim Cóiríochta Cíosa. Ag teacht leis an athrú seo ar an bhfócas, táthar ag cur béim níos mó anois ar bhainistiú agus feabhsú an stoic tithíochta atá i seilbh na n-údarás áitiúil cheana féin.

Lean an Roinn Tithíochta ar aghaidh ag uasghrádú roinnt dá cuid stoc tithíochta in 2012 d'fhonn iad a nuachóiriú chun caighdeáin tógála nua-aimseartha a bhaint amach, lena n-áirítear tithe atá folamh a athfheistiú agus uasghrádú fuinnimh a dhéanamh i roinnt aonad. Sa chlár seo freisin, rinneadh deisiúcháin ar aonaid a bhíonn folamh go hócáideach sular ligeadh ar cíos iad d'fhonn iad a réiteach le ligean ar cíos arís chomh tapa agus is féidir.

Bhí stoc tithíochta sóisialta de **2,268** aonad ag an gComhairle ag deireadh na bliana le meán ráta seilbhe de **97%.**

### 7.1 Infheistíocht Chaipitil in 2012

**<u>Cuireadh na tionscadail seo a leanas chun cinn in 2012:</u>**

- Ceannaíodh 9 dteach le leithroinnt chuig iarratasóirí tithíochta sóisialta faoin gclár fála infheistíochta tithíochta sóisialta.
- Leanadh leis an scéim oibreacha Feabhais i bPáirceanna an Bhaile, an Uaimh

**<u>Na hoibreacha feabhais atáthar ina mbun i bPáirceanna an Bhaile, an Uaimh</u>**

- Táthar ag tabhairt scéim léasaithe grúpa do 22 maoin aonair le Comhlacht Tithíochta Dheonach chun críche agus tugadh na maoine seo do theaghlaigh a bhí ar liosta feithimh na Comhairle
- Thug an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil cead faoin Scéim Cúnaimh Caipitil maoiniú a thabhairt do 4 teach san Uaimh do dhaoine faoi mhíchumas
- Tugadh cead oifigiúil i mí Márta faoin scéim Cúnaimh Chaipitil chun stáisiún dóiteáin tréigthe i gCeanannas a athfhorbairt chun soláthar a dhéanamh do 4 aonad cóiríochta do dhaoine scothaosta
- Leithroinneadh maoiniú €1 milliún do níos mó ná 200 iarratas deontais tithíochta faoi na scéimeanna seo a leanas: Deontas Athchóirithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta.

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag cur feabhas ar a stoc tithíochta. Rinneadh na hoibreacha seo a leanas:


- Rinneadh **51** teach a bhí folamh a athchóiriú agus rinneadh soláthar d'oibreacha nuachóirithe fuinnimh iontu freisin.
- Rinneadh **16** teachín tuaithe a athchóiriú agus bhain siad Rátáil Fuinnimh Foirgnimh C1 amach
- Cuireadh seirbhís ar choirí gáis in 2012 agus lean an Chomhairle ar aghaidh lena chlár maidir le cothabháil ar choirí ola
- Leanadh le clár a bhaineann le Fuinneoga agus Doirse a athsholáthar ar fud eastát agus cuireadh fuinneoga agus doirse nua i **31** teach.

- Rinneadh oibreacha feabhais Radóin ar **9** tteach.
- Tugadh soláthairtí uisce agus córas cóireála fuíolluisce chuig na caighdeáin riachtanacha ag **14** teach tuaithe.
- Fuarthas **2,599** iarratas ar dheisiúcháin tithíochta agus tugadh faoi 91.3% díobh sin.
- Rinneadh **110** imscrúdú de réir reachtaíochta maidir le hÍoschaighdeáin Cíosa.

## 7.2 Tacaíocht Tithíochta Sóisialta

### 7.2.1 Riachtanas Tithíochta

Bhí **4,238** teaghlach ar liostaí feithimh tithíochta na Comhairle amhail 31ú Nollaig 2012. Fuarthas **1,212** iarratas nua ar an iomlán i rith na bliana.




### 7.2.2 Leithroinntí Tithíochta

D'fhreastail Údaráis Áitiúla na Mí ar **148** teaghlach roimh dheireadh 2012 faoi na scéimeanna éagsúla lena n-áirítear tithe a bhíonn folamh go hócáideach, an Scéim um Chóiríocht ar Cíos, leasú fadtéarmach, tithíocht inacmhainne agus na Comhlachtaí Tithíochta Deonacha.

### 7.2.3 Daoine gan Dídean

Bhain níos mó ná 400 teaghlach leas as Seirbhísí Gan Dídean na Comhairle i rith 2012. Tugadh tacaíocht tithíochta sóisialta do na teaghlaigh seo trí chóiríocht éigeandála, cóiríocht a ligtear ar cíos go príobháideach agus tithíocht údarás áitiúla caighdeánacha nó trí theagmháil a dhéanamh le seirbhísí idirghníomhaireachta eile ag brath ar a gcuid riachtanas áirithe.

### 7.2.4 Teaghlaigh den Lucht Siúil

Tá **394** teaghlach den Lucht Siúil ina gcónaí i gContae na Mí. In 2012, tugadh cóiríocht do 54 teaghlach den Lucht Siúil i dtithe Údaráis Áitiúla caighdeánacha, i dTithe de chuid na Grúpscéim, i Láithreáin Stad nó i gcóiríocht a ligtear ar cíos go príobháideach.

## 8 ACMHAINNÍ DAONNA

Is é an phríomhaidhm atá ag Acmhainní Daonna ná pleanáil a dhéanamh maidir le fórsa oibre na Comhairle agus iad a earcú, agus ag an am céanna timpeallacht oibre chothrom, chomhairleach agus thacúil a chruthú atá dearfach agus sábháilte. Agus ina bhun sin, bíonn sé mar aidhm ag an bhfoireann AD tacú le gach roinn sa Chomhairle maidir le cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach agus ag an am céanna ag iarraidh cumas gach comhalta foirne a fhorbairt. Ní mór é seo ar fad a bhaint amach le linn di a bheith ag tabhairt aird freisin ar an aeráid eacnamaíochta dhúshlánach ina n-oibrímid agus an bhéim níos mó atáthar ag cur ar chostais a laghdú agus ar luach ar airgead.

### 8.1 Leagan amach na Foirne

Tháinig méadú ar an líon foirne a chuaigh ar luathscor (roimh 29ú Feabhra 2012) de bharr gur tugadh isteach tréimhse cairde do bhaill foirne a bhí ag déanamh machnaimh faoi dhul ar scor, tréimhse nach mbeadh tionchar ar phinsin ag na laghduithe pá a tugadh isteach san Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2) 2009 (an tAcht FEMPI (Uimh.2) 2009). Bhí éifeacht ag tionscnaimh roimhe seo a dhírigh ar an líon foirne a laghdú, maidir le tabhairt isteach na tréimhse cairde sin, ar an líon foirne i gComhairle Chontae na Mí ar fud na ngrád agus na rannóg go léir.

D'iarr Acmhainní Daonna cead earcaíocht a dhéanamh sna 26 post seo a leanas, a measadh a bhí riachtanach a líonadh i rith 2012:

| Cléireachas/Riarachán | Teic/Inn | Bainistíocht | Lasmuigh | Comhraiceoirí Dóiteáin | Feidhmiú |
|---|---|---|---|---|---|
| 8 | 6 | 1 | 8 | 2 | 1 |

- Ceadaíodh **18** post a líonadh in 2012;
- Níl freagra faighte fós ar iarratais chun cead a fháil maidir le 8 bpost;
- Reáchtáladh **13** comórtas earcaithe in 2012;
- Bhí **202** iarratasóir ar na poist éagsúla in 2012;
- Rinneadh **12** ceapachán in 2012.

Mar gheall ar thoradh na riachtanas 'pleanáil fórsa oibre' na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil cuireadh tús le hathbhreithniú cuimsitheach ar leagan amach na foirne i nDeireadh Fómhair 2012. Beidh torthaí ar phróiseas pleanála an fhórsa oibre le feiceáil in 2013 agus cuirfidh sin ar chumas na Comhairle a cuid acmhainní foirne a phleanáil, a bhainistiú agus a leithroinnt go straitéiseach i gceantair seirbhísí tosaíochta agus rioscaí.

### 8.2 Tuairisceáin Foirne

Miondealú na foirne de réir earnála amhail Nollaig 2012 a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil:

***Miondealú na foirne de réir earnála***

| **Earnáil** | **Líon** | **WTE** |
|---|---|---|
| Bainistíocht | 5 | 5 |
| Cléireachas/Riarachán | 303 | 274 |
| Gairmiúil / Teicniúil | 132 | 132 |
| Taobh Amuigh | 215 | 198 |
| Sealadach / ar chonradh | 26 | 17 |
| Comhraiceoirí Dóiteáin Coinnithe | 71 | 11 |
| **IOMLÁN** | **752** | **637** |

Ba iad seo a leanas an líon iomlán WTE a bhí ann ag deireadh na mblianta roimhe seo, d'fhonn comparáid a dhéanamh:

| Dáta | Bainistíocht | Cléireachas /Riarachán | Proifisiúnta /Teicniúil | Lasmuigh | Sealadach /Conradh | Comhraiceoirí Dóiteáin Coinnithe | WTE iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Deireadh 2008** | **8** | **307** | **121** | **265** | **168** | **70** | **939** |
| **Deireadh 2009** | **8** | **315** | **116** | **243** | **86** | **71** | **839** |
| **Deireadh 2010** | **6** | **313** | **137** | **237** | **42** | **73** | **808** |
| **Deireadh 2011** | **6** | **276** | **134** | **204** | **23** | **72** | **715** |

### 8.3 Beartais & Nósanna Imeachta

Síníodh beartas maidir le 'hAistrithe Idir-Contae' agus scaipeadh é ar na ceardchumainn agus ar fhoireann na Comhairle ag deireadh 2012. I gcomhar leis an Rannóg Sláinte & Sábháilteachta agus an gCoiste Bainistíochta Sábháilteachta sa Rannóg AD, cuireadh tús leis an bpróiseas chun nósanna imeachta an Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta do Chomhairle Chontae na Mí a chomhchruinniú. Tháinig an prótacal saoire féin-dheimhnithe athbhreithnithe a comhaontaíodh go náisiúnta i bhfeidhm ón 1ú Samhain 2012

**8.4 Caidreamh Tionscail**

Bíonn an Chomhairle ag obair leis na comhaltaí foirne go léir agus le Ceardchumainn ionadaíocha go leanúnach d'fhonn saincheisteanna a eascraíonn ó am go ham a réiteach. Leanadh ar aghaidh le cruinnithe leis na Ceardchumainn go léir maidir leis na tionscnaimh a chur i bhfeidhm chun an coigilteas costais riachtanach a bhaint amach. Tionóladh cruinnithe rialta IR/AD freisin i rith 2012 d'fhonn saincheisteanna agus tionscnaimh oibríochta agus straitéiseacha a thabhairt chun cinn agus a réiteach.

**8.5 Aoisliúntas**

***Seo a leanas miondealú ar na gníomhaíochtaí aoisliúntais :***

| Gníomhaíocht | An líon in 2012 |
|---|---|
| 90% Iarmhéid ar an gCnapshuim atá iníoctha faoin ISER | 1 |
| Dul ar Scor faoi Luathscor Costas-Neodrach | 6 |
| Dul ar Scor ó Údaráis Áitiúla na Mí | 16 |
| Aiscí Comhraiceoirí Dóiteáin | 2 |
| Aiscí do dhaoine neamh-inphinsin | 0 |
| Sochair Choinnithe | 1 |
| Líon na nIomarcaíochtaí | 0 |

**8.6 Oiliúint**

In 2012, lean obair ar an gCroí-mhodúl Oiliúna a chur i bhfeidhm. Leis an modúl seo cuirtear ar chumas AD cúrsaí oiliúna a phleanáil agus a thaifeadadh, liostaí feithimh a chruthú nuair a thagann deireadh leis an oiliúint a bhíonn ann faoi láthair agus cuireann sé ar a gcumas freisin tuairiscí staire oiliúna a chur ar fáil do gach comhalta.

In 2012, chuir Údaráis Áitiúla na Mí tús leis an bpróiseas chun an Córas Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta a thabhairt isteach arís.

In 2012, leithroinneadh 39% den Bhuiséad Oiliúna ar oiliúint a bhaineann le Sláinte & Sábháilteacht agus reáchtáladh 246 cúrsa oiliúna in 2012.

Comhghairdeas lenár bhfostaithe ar fad a bhain cáilíochtaí amach i raon leathan disciplíní sa Riarachán Rialtais Áitiúil, TF, Sláinte & Sábháilteacht srl.

**8.7 Leas Foirne**

Leanann Údaráis Áitiúla na Mí ag cur leas na bhfostaithe chun cinn trí bheartais agus thionscnaimh éagsúla ag an obair. Cuirtear eolas agus cúnamh ar fáil ar shaincheisteanna ar nós sláinte, airgeadas, fostaíocht agus bainistiú struis.

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

I rith 2012, lean roinn na gCóras Faisnéise ag seachadadh tionscadal feabhsaithe gnó ar fud na heagraíochta ar fad agus ag an am céanna a fócas ar chobhsaíocht oibríochta agus slándáil sonraí a choinneáil.

**8.8 Réitigh Gnó**

Chuaigh FoxYourStreet.ie beo in 2012 rud a chuir ar chumas an phobail saincheisteanna a thuairisciú maidir le lochtanna bóthair nó cosáin, sceitheadh, bruscar, graifítí srl. Seoladh réiteach nua léarscáile rud a cheadaigh anailís eolais inmheánach níos fearr mar aon le rochtain phoiblí éasca ar bhunachair sonraí ábhartha. San áireamh ar réitigh TF tá leathadh amach na gCártaí Ceannacháin ar Luach Íseal, Bainistiú na gCostas Taistil, Straitéis Idirchaidrimh na Meán Sóisialta, Digitiú na Léarscáileanna Draenála, Bainistiú Cáipéisí don Phlean Forbartha Contae agus láithreán gréasáin um Chaighdeán Uisce le nÓl.

**8.9 Feabhas ar Phróiseas Gnó**

Chuireamar tús le leathadh amach na modheolaíochtaí foirmiúla Lean Six Sigma sa chomhairle, agus cuireadh oiliúint ar 14 comhalta foirne as ranna éagsúla chun próisis ina gcuid réimsí féin a mheas agus a fheabhsú.

**8.10 Oibríochtaí TF**

Baineadh amach mórchoigiltis costais trí chonradh a cuireadh amach maidir le gach teileafónaíocht línte ceaptha. I measc na bpríomhthionscadal eile cuireadh réiteach iomlán Slándála Endpoint in áit na timpeallachta frithvíris, bunaíodh an dara nasc líonraí rialtais d'athléimneacht, rinneadh Freastalaí SQL a nuachóiriú agus bunaíodh ionad pobail Bhaile na Gaoithe.

## 10 IOMPAR

**10.1 Bóithre**

Is iad príomhghnéithe na Rannóige Seirbhíse seo ná:

- Boithre a Chothabháil lena n-áirítear Cothabháil, Cóiriú Dromchla & Soilsiú Poiblí.
- Feabhsuithe Bóithre lena n-áirítear Feabhas Lánroghnach, Feabhas Nuachóirithe, Scéimeanna Feabhais Sonracha agus oibreacha feabhais eile.
- Trácht ar Bhóithre ina bhfuil Bainistiú agus Sábháilteacht Tráchta san áireamh.
- Tionscnaimh Iompair Inbhuanaithe.

**10.1.1 Bóithre Náisiúnta a Thrasnaíonn Co. na Mí**

- Seachbhóthar Bhaile Shláine – Dhiúltaigh An Bord Pleanála cead don seachbhóthar i Márta 2012, agus tar éis an chinnidh cuireadh tús le staidéar ar roghanna eile a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le bainistiú tráchta.
- Mótarbhealach an M3 Cluain Aodha – Ó Thuaidh ó Cheanannas – Táthar fós ag tabhairt sealbhú talún chun críche.
- R147 Comharthaíocht ar Bhóthar Réigiúnach a thabhairt cothrom le dáta – tá Scéimeanna Comharthaíochta Bailte na Mí fós ar bun.
- N2 Baile an Phléimeannaigh go Curtis Cross, Tuiterath go Baile an Phléimeannaigh & Rathfeigh Cross – tugtha chun críche
- N52 Forleagan cosáin Bhaile na gCailleach – tugtha chun críche
- N52 Forleagan cosáin Balgeeth - tugtha chun críche
- N52 Scéim Ailínithe Stephenstown go Fringestown – Páirt 8 tugtha chun críche, dearadh agus ullmhú CPO fós ar bun.
- Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal an N2, N51 & N52 tugtha chun críche

- N51 Scéim Feabhais Bhaile Átha Buí – i mbun tógála
- N51 Scéim Mhoilliú Tráchta (an Uaimh & Baile Shláine) – ar chonradh

**10.1.2 Bealaí Neamhnáisiúnta i gCo. na Mí**

In 2012, tugadh roinnt scéimeanna Feabhsaithe Bóithre chun críche agus cuireadh tús le roinnt acu rud a fheabhsóidh éifeachtacht agus sábháilteacht an líonra bóithre go mór.

- An Clár Cuaillí Eolais ar Bhóithre Réigiúnacha – beagnach tugtha chun críche.
- Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal ar Bhóithre Áitiúla & Réigiúnacha - tugtha chun críche
- Cothabháil Droichid & Oibreacha Deisiúcháin ar Bhóithre Áitiúla & Réigiúnacha
- – leanúnach
- R147 Ceanannas – athdhromchlú Phlás Cheanannais– tugtha chun críche
- R153 Droichead Chrois Bhaile na Rátha – tugtha chun críche
- R153 – Acomhal Bhóthar Metges– ar chonradh
- R164 Droichead Bhaile an Mhóinín – tugtha chun críche
- R165 Tóchar Corkey– tugtha chun críche
- L56172 Droichead Bhaile an Bheileogaigh - tugtha chun críche

**10.1.3 Scéimeanna Bóithre ag an gCéim Phleanála/Dheartha**

- N3/R161 (Gleann Ghort an Tobair go Bóthar Bhaile Átha Troim, an Uaimh)
- N51 Dún Mó Céim 2
- Bóthar Bhaile an Cheantaigh go Bóthar na Bóinne
- R150 Seachbhóthar Dhamhliag
- R156 Dún Búinne/Cnoc an Línsigh
- R150 Damhliag/Baile Iúiliáin Céim 2, Mionoibreacha

**10.1.4 Tionscnaimh Iompair Inbhuanaithe**

Thug an NTA maoiniú €2.4m do thionscadail Iompair Inbhuanaithe ar fud na gcúig ceantar toghcháin i gContae na Mí i rith 2012. Is iad seo a leanas na Tionscadail a thug Comhairle Chontae na Mí i gcrích in 2012:

a) Clár Rothaíochta/Siúil: Tógadh thart ar 3.6km de chosán in 2012 ar fud chúig cheantar toghcháin ag ocht láithreán déag.
b) Clár Líonra Busanna: Rinneadh cúig stad bus déag ar an iomlán a thabhairt cothrom le dáta in 2012, ar fud na Mí. Ar fhormhór na hoibre tá Áiteanna chun Tarraingt Isteach agus Colbhaí Kassel a chur ar fáil.
c) Clár Bainistithe Tráchta: Cuireadh isteach naoi dtrasrian coisithe ar fud chúig cheantar toghcháin ag seacht láithreán suímh mar aon le tógáil an tionscadail bhainistithe Tráchta agus Rialú Luais Bhaile an Bhiataigh.
d) Clár Sábháilteachta: scéim sábháilteachta bóthair Dulek/Plattin – ceangail cosáin faoin droichead iarnróid agus ag trí charrchlós 'páirceáil agus taisteal' chun deireadh a chur le páirceáil dainséarach ar chiumhaiseanna ag Ross Cross, Garlow Cross & Finnegans Cross.
e) Tionscadail Eile: dearadh iomlán ar Dhroichead Átha go An Ghráinseach Nua, céim 1 den tionscadal le tógáil in 2013. An Droichead Starrmhaide do Choisithe agus do Rothaithe a leathnú amach os cionn abhann na Bóinne, An Uaimh – dearadh iomlán in 2012 agus le dul chuig Cuid VIII agus tús a chur le tógáil in 2013.

**10.1.5 Leathadh grin sa gheimhreadh**

Chomhaontaigh Comhairle Chontae na Mí salann a chur ar 10 mbealach 50km atá socraithe roimh ré sa chás go mbeadh sioc nó leac oighir geallta. Déantar gach

Príomhbhóthar Náisiúnta (120km/u) agus gach Bóthar den Dara Grád (100km/u) agus thart ar 50% de gach Bóthar Réigiúnach (80km/u) a chóireáil. Déantar thart ar 10% (de réir achair) de gach bóthar sa chontae a chóireáil. Is féidir léarscáil de na bealaí a leathar grean orthu sa gheimhreadh a fháil ag www.meath.ie/LocalAuthorities/Roads/WinterGrittingRoutes.

Leithroinn an NRA maoiniú ar Chomhairle Chontae na Mí do scioból salainn in 2010 agus tugadh an scioból chun críche in Aibreán 2011. Déanann an NRA soláthar agus dáileadh salainn ar bhonn náisiúnta.

**10.1.6 Gléasra & Innealra**

Rinne Comhairle Chontae na Mí a flít a leathnú amach agus a thabhairt cothrom le dáta ar fud 2010 agus 2011. In 2012, lean an Chomhairle ar aghaidh ag infheistiú i gcothabháil an fhlít agus ag tabhairt roinnt feithiclí níos sine cothrom le dáta. Ó thaobh caighdeán agus cáilíocht fhlít na Comhairle, tá níos mó ná a dóthain acmhainní ag an gComhairle chun cothabháil rialta agus geimhridh a dhéanamh. Tá aon trucail déag 18 tonna G.V.W. sa bhflít leathadh grin mar aon le leatóir grin gléasta salainn Romaquie atá 6 méadar ciúbach ar fad mar aon le céachta sneachta inbhainte, má theastaíonn sin.

**10.1.7 An tAonad um Shoilsiú Poiblí**

Bunaíodh an t-aonad um shoilsiú poiblí in 2010 agus déanann sé maoirsiú agus bainistiú ar an soilsiú poiblí ar fad sa chontae. D'éirigh thar barr leis seo go dtí seo agus baineadh amach éifeachtúlachtaí breise in 2012. Beartaítear freagracht an aonaid seo a leathnú amach in 2013 chun bainistiú a dhéanamh ar na soilse tráchta laistigh den chontae. Beartaítear leanúint le beartas na Comhairle an stoc agus colúin soilsithe poiblí a athsholáthar le teicneolaíochtaí atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de agus atá saoráideach do thomhaltóirí lena n-áirítear úsáid a bhaint as na córais bainistithe sócmhainní agus lochtanna is déanaí (Ísliú Gníomhach agus Bainistiú Lochtanna Deadsure) ar mhaithe le cothabháil rialta. Is féidir le teicneolaíocht íslithe laghdú in ídiú fuinnimh suas go dtí 30% a bhaint amach ach tá costas mór caipitil i gceist leis sin a chur isteach. Beartaítear freisin sineirgí agus roinnt acmhainní idir Soilsiú Poiblí, soláthróirí Teileachumarsáide, Rannáin Tráchta Gardaí, Údaráis Áitiúla cóngaracha agus teicneolaíochtaí ITS eile a imscrúdú.

**10.1.8 Cur Chun Cinn & Oideachas ar Shábháilteacht Bóithre**

Is gné thábhachtach den Roinn Iompair é sábháilteacht bóithre a chur chun cinn agus tá Oifigeach Sábháilteachta Bóthair ainmnithe ann, a lean ar aghaidh, in 2012, ag cur tús le feachtais sábháilteachta bóithre ag obair i gcomhar le scoileanna chun sábháilteacht bóithre a chur chun cinn agus thacaigh an tOifigeach seo le cur i bhfeidhm Straitéis an Rialtais ar Shábháilteacht Bóithre.

**10.1.9 Sláinte agus Sábháilteacht Chorparáideach**

Bhunaigh Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA) mar aon leis an LGMA Grúpa Oibre Teicniúil Sláinte agus Sábháilteachta (H&STWG) chun tacaíochtaí éagsúla a fhorbairt agus áirítear iad seo a leanas ar na tacaíochtaí sin:

- Treoir ar bheartais agus ar nósanna imeachta (65 uimhir) maidir le príomhfheidhmeanna oibre,
- Sraith straitéisí chun tacú le hImscrúduithe Sábháilteachta,
- Sraith straitéisí iniúchta agus Oiliúint Tosaigh Iniúchóra OHSAS 18001 a chur ar fáil d'Oifigigh Sábháilteachta agus Sláinte na nÚdarás Áitiúla.

- Táthar i mbun forbartha, tástála agus soláthair ar roinnt tacaíochtaí eile ar nós bunachar sonraí reachtaíochta agus córas taifeadta leictreonach maidir le bainistiú sábháilteachta.

In 2012, bunaíodh Grúpa Oibre Córas Bainistithe Sábháilteachta (SMS) chun na Treoirlínte, Beartais & nósanna imeachta a athbhreithniú agus a leasú de réir mar is gá agus chun sceideal a chur i bhfeidhm agus modheolaíocht a dhréachtú d'fhonn a mholadh don SMC sin a ghlacadh.

### 10.2 Scéimeanna a tugadh chun críche in 2012 arna maoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair

#### 10.2.1 Trasrianta Coisithe

- Baile Johnstown
- An Inse
- Cluain Mhic Adáin
- Bóthar Dan Shaw (Educate Together)
- Bóthar Carriage
- Acomhal Dan Shaw/Bhaile Átha Troim (2 Uimh)
- Cill Dealga
- Carnaross
- Bóthar Áth Luimnigh, an Uaimh
- Baile Átha Buí

#### 10.2.2 Cóireálacha Acomhail

- Acomhal Dan Shaw/Bhóthar Bhaile Átha Troim
- Acomhal Dan Shaw/Bhóthar Carriage
- Níl aon acomhal eastáit ar Bhóthar an Mhachaire Ghailf, Baile an Bhiataigh

#### 10.2.3 Soláthar Cosán

- Carnaross
- Bóthar Áth Luimnigh, an Uaimh
- Acomhal Dan Shaw/Bhóthar Bhaile Átha Troim
- Bóthar Old Balreask, an Uaimh
- Bóthar Dhamhliag, Droichead Átha
- Bóthar Carriage
- Ráth Tó – Bóthar na Scríne
- Ráth Tó – Bóthar Theach na Síog
- Ballivor
- Bóthar Longfoirt, Damhliag
- Bóthar Downstown, Damhliag
- Baile Johnstown
- Seanbhóthar Bhaile Átha Buí ag Ospidéal na hUaimhe
- Baile Átha Buí

Thart ar 3800m de chosáin, 1600m de shoilsiú poiblí agus 700m. dreanáil ar an iomlán

#### 10.2.4 Soláthar Bánna Busanna

- Bá na hInse * 2
- Laytown * 2
- Caisleán Mháirtín, Baile an Bhiataigh * 2
- Bóthar Trition (Teach Tábhairne McDonough's) Baile an Bhiataigh * 2
- Limistéar tuirlingthe ag Ospidéal na hUaimhe

## 11 PLEANÁIL & IOMPAR STRAITÉISEACH

### 11.1 Athrú Eagraíochtúil

Chuir an Roinn Pleanála & Iompair Straitéisigh a Clár Bainistithe Athraithe i gcrích in 2012. Rinneadh na disciplíní Pleanála, Riaracháin agus Innealtóireachta a lánpháirtiú go hiomlán isteach i roinn a leagadh amach as an nua. Éascaíodh comhchomhairle chuimsitheach leis an bhfoireann agus le comhaltaí tofa agus tá an roinn tiomanta d'athbhreithniú agus d'fheabhas leanúnach.

### 11.2 Bainistiú Forbartha

Tháinig laghdú comhlíontach ar líon na nIarratas Pleanála a fhaightear gach seachtain ó 25 in 2011 go 23 in 2012.

Fuarthas 1206 iarratas agus rinneadh iad a phróiseáil i rith 2012 rud a léirigh laghdú 6% ar 2011. Rinneadh an laghdú seo a fhritháireamh le hardú 14% ar líon na n-iarratasóirí a d'fhéadfadh a bheith ann agus a d'fhreastail ar oifigí na Comhairle sna clinicí foirmiúla réamhphleanála. Léiríonn an próifíl iarratas go bhfuil líon níos lú tithe á dtógáil ach níl aon athrú tagtha ar líon na dtithe a bhfuiltear ag cur síntí agus feabhsúcháin orthu.

| Catagóir | Iarratais deimhnithe | % Deontais | % Diúltaithe | Líon cásanna deimhnithe ag An Bord Pleanála | Líon cásanna cúlaithe ag An Bord Pleanála |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| **Teach Aonair** | **102** | **74** | **26** | **9** | **4** |
| **Forbairt eile nach bhfuil EIS de dhíth ina leith** | **645** | **82** | **18** | **25** | **3** |
| **Eis ag teastáil** | **27** | **100** | **0** | **0** | **0** |

### 11.3 Áiríodh ar na Mór-Iarratais Pleanála a fuarthas nó a cinneadh i rith 2012

Saoráidí scoile i:

Baile Iúiliáin, Cill Dhéagláin, An Baile Nua, Cnoc Comáin, Droichead Chearbhalláin, Stigh Colláin, Steach Maoilín, Baile na gCanónach, Coill Chluana, Dún Uabhair, Ráth Beagáin, Baile Átha Troim, An Chúil, Muileann an Chláir, An Chill Bheag, Cill Bhríde, Cnoc an tSasanaigh, Ráth Tó, An Bóthar Mín agus Baile Roibín.

Saoráidí Spóirt nó Pobail i: MeathHill, Baile Iúiliáin, Damhliag, Ráth Tó, An Seanchaisleán, Dún Búinne, Cill Dhéagláin, Beigthigh, Droichead Átha, Baile Átha Buí, Dún Uabhair, Baile an Bhiataigh agus An Bóthar Buí.

Forbairtí tithíochta i : Cill Bhríde, Dún Seachlainn agus An Seanchaisleán.

Saoráidí cúraim leanaí i: Cill Dhéagláin, Damhliag, Maigh Dearmhaí, Boyerstown, Dún Seachlainn agus Coill Chluana.

Cairéil i: Cionn Átha Gad, Caisleán Shiurdáin, agus Dún an Rí.

Ionaid Gníomhaíochta Lasmuigh i : Currach Átha agus Ráth Beagáin.

Forbairtí tráchtála i: Lios Cartáin, An Seanchaisleán, Plattin, Dún Búinne, Teach na Síog, An Bóthar Buí agus Ard Cath.

**11.4 Próifíl Iarratas**

| | |
|---|---|
| Cead Imlíne | **6** |
| Cead tar éis imlíne | **1** |
| Cead | **808** |
| Coinneáil | **153** |
| Tréimhse Sínithe | **134** |
| Cuid 8 | **6** |
| Alt 5 agus teastais Díolúine S97 | **50** |

**11.5 Forbairtí Infreastruchtúir Straitéiseach**

Déanann An Bord Pleanála cinneadh maidir le hiarratais ar mhórfhorbairtí a bhfuil tábhacht náisiúnta nó réigiúnach ag baint leo. Ullmhaíonn Comhairle Chontae na Mí moladh i ndáil le gach togra.

- Indaver Ireland Ltd., tonnáiste níos mó agus glacadh maidir le dramhaíl ghuaiseach. Reáchtáladh éisteacht ó bhéal i nDeireadh Fómhair.
- Monarcha Cumhachta agus Teasa Bithmhaise College Proteins Nobber.
- Sreang leastuas Eirgrid 110Kv i gceantar Chionn Átha Gad.

**11.6 Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha**

Fuarthas €3.23m i Ranníocaíochtaí Forbartha i rith 2012, rud a léiríonn ráta bailiúcháin 108% den ioncam mheasta ón bhfoinse seo.

Tá gníomhaíochtaí forfheidhmithe fós ar bun i ndáil le 391 forbairt ar leith. Eisíodh **25** litir rabhaidh agus **21** fógra forfheidhmithe i ndáil le saincheisteanna neamhchomhlíonta airgeadais.

**11.7 An SPC um Fhorbairt Pleanála agus Eacnamaíochta**

Tháinig an SPC um Fhorbairt Pleanála agus Eacnamaíochta le chéile ar thrí ócáid agus bhreithnigh beartas maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:-

- Pleanáil Spásúlachta & Treoirlínte maidir le Bóithre Náisiúnta
- Glasbhealach Ilchuspóra Dhún an Rí, an Uaimh
- Treoirlínte maidir le pleanáil miondíola

- Plean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019 agus athbhreithnithe ar LAPanna ina dhiaidh sin
- Riachtanais reachtaíochta d'earnáil na gcairéal
- Athbhreithniú ar an Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha
- Gníomhaíocht Eacnamaíochta

**11.8 Rialúchán Cairéal**

D'éiligh S261A den Acht um Pleanáil agus Forbairt ar Údaráis Áitiúla scrúdú a dhéanamh ar gach cairéal ina gcuid ceantar riaracháin agus a chinneadh ar tharla an fhorbairt a bhí beartaithe de réir chead pleanála agus go raibh Measúnacht Tionchair Timpeallachta nó Measúnacht Tionchair Natura ag dul leis an bhforbairt sin.

Rinne Comhairle Chontae na Mí scrúdú ar **159** cairéal agus dheimhnigh siad gur chóir do **29** cairéal iarratas a dhéanamh chuig An Bord Pleanála do Chead Ionadaigh, gur chóir do **20** cairéal deireadh a chur le hoibríochtaí, agus go raibh gá le gníomhaíocht bhreise de bhun s261a i ndáil leis na cairéil a bhí fágtha.

**11.9 Rialú Pleanála a Fhorfheidhmiú**

Rinne Údaráis Áitiúla na Mí imscrúdú ar 280 gearán maidir le forbairt a rinneadh gan cead.

Eisíodh **198** litir rabhaidh agus **77** fógra forfheidhmithe mar gheall ar na himscrúduithe sin.

Cuireadh **27** cás ar aghaidh chun na cúirteanna.

Tógadh **14** eastát cónaitheach i gcúram.

**11.10 Rialúcháin Foirgneamh**

Rinne an tOifigeach Rialaithe Foirgneamh imscrúdú ar **130** foirgneamh.

Fuair an Chomhairle fógra gur cuireadh tús le tógáil **295** foirgneamh.

Fuair an tÚdarás Rialaithe Foirgneamh **63** teastas rochtana Míchumais.

**11.11 Pleanáil Chun Cinn**

Glacadh le Plean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019 an 17ú Nollaig 2012. Leagtar amach sa phlean an fhís atá ann d'fhorbairt an chontae agus cuireadh le chéile é chun tacú le Pobail Inbhuanaithe, le Geilleagar Inbhuanaithe agus le hOidhreacht Inbhuanaithe.

Tá an plean bunaithe ar an gCroí-Straitéis, is é sin an treoirphlean lena mbaineann fianaise láidir d'fhorbairt an Chontae. Rinneadh comhchomhairle poiblí cuimsitheach chun é a ullmhú, mar aon le hidirchaidreamh ilshraithe le comhaltaí tofa Chomhairle Chontae na Mí agus aighneachtaí á mbreithniú agus beartais agus cuspóirí éagsúla á bhforbairt le cur isteach sa phlean ar glacadh leis.

Déanfaidh an Chomhairle measúnú ar gach Plean Ceantair Áitiúil tacaíochta chun comhlíonadh chuspóirí an phlean Forbartha Contae a chinntiú i rith 2013.

Foilsíodh Dréachtphlean Forbartha Cheanannas an 19ú Nollaig agus táthar chun glacadh leis i Meán Fómhair 2012.

Ullmhaíodh na Páipéir maidir le Saincheisteanna Straitéiseacha chun athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Forbartha Bhaile Átha Troim agus foilsíodh iad i Samhain 2012. Glacfar leis an bplean in 2014.

### 11.12 Iompar Straitéiseach

Fuair an Chomhairle €2.2m cabhair deontais ón Údarás Náisiúnta Iompair chun na tionscadail seo a leanas a chur ar fáil:

- 530m. de lánaí busanna
- 150 m. de lánaí rothaíochta
- 3.5km. de chosáin
- 680m. de dhraenáil
- Oibreacha feabhais ar 7 acomhal agus 16 stad bus
- Trasrianta peileacánacha
- 15km. de shoilsiú poiblí
- 60 spás carrchlóis do shaoráidí páirceála agus taistil i 3 áit

## 12 COMHAIRLÍ BAILE

### 12.1 COMHAIRLE BAILE CHEANANNAIS

#### 12.1.1 Leagan amach agus Seirbhísí

Is í Comhairle Baile Cheanannais an tÚdarás Áitiúil do Cheantar Uirbeach Cheanannais. Tá naonúr comhalta a toghadh go díreach uirthi.

Is iad seo a leanas Comhairleoirí Chomhairle Baile Cheanannais in 2012:

| Ainm: | Páirtí Polaitíocht a | Seoladh |
|---|---|---|
| An Comh. Sarah Reilly,<br><br>Cathaoirleach | Fine Gael | 36 Bective Place, Ceanannas, Co. na Mí |
| An Comh. Frankie Lynch<br><br>Leas-Chathaoirleach | Fianna Fáil | 40 Plásóg na Feá, Gort na Carraige, Co. na Mí. |
| An Comh. Brian Curran | Non-Party | 4 Bailtíní Cholm Cille, Ceanannas, Co. na Mí |

| | | |
|---|---|---|
| An Comh. Tommy Grimes | Labour | 14 Páirc an Athar McCullen, Ceanannas, Co. na Mí |
| An Comh. Conor Ferguson | Sinn Fein | Bóthar na hUaimhe, Ceanannas, Co. na Mí |
| An Comh. Bryan Reilly | Fianna Fáil | Bóthar Ghort na Carraige, Ceanannas, Co. na Mí. |
| An Comh. Oliver Sweeney | Fine Gael | Hurdlestown, Ceanannas, Co. na Mí |
| An Comh. Brian Collins<br>*(Cathaoirleach Ean-Meith 2012)* | Labour | Bóthar an Chabháin, Ceanannas, Co. na Mí. |
| An Comh. Sean Drew<br>*(Leas-Chathaoirleach, Ean-Meith 2012)* | Fianna Fáil | 8 Corrán Cheanannais, Ceanannas, Co. na Mí |

**12.1.2 Príomhghníomhaíochtaí**

Cuireann Comhairle Baile Cheanannais raon leathan seirbhísí ar fáil atá ríthábhachtach d'fhorbairt agus d'fheidhmiú an bhaile:
Áirítear ar na seirbhísí seo:
• Tithíocht
• Forbairt & Rialú pleanála
• Bóithre Uirbeacha
• Uisce & Dramhuisce

**12.1.3 Tithíocht**

Is é an stoc iomlán tithíochta atá ar cíos de chuid na Comhairle ná **125** teach.

**12.1.4 Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre**

Dréachtphlean Bainistithe Tráchta:
Chuir Comhairle Chontae na Mí tús le Plean Bainistithe Tráchta cuimsitheach in 2010. Cuireadh an réamhphlean os comhair na gcomhairleoirí i rith 2011 agus reáchtáladh comhchomhairle phoiblí freisin. Anois go bhfuil an t-aiseolas agus na tuairimí ón bpróiseas comhchomhairle phoiblí tugtha san áireamh agus an obair a rinneadh ar bhainistiú tráchta mar chuid den Phlean Forbartha Ceanannais nua athbhreithnithe, tá an plean faoi athbhreithniú. Táthar ag glacadh le cur chuige chomhdhlúite agus céimnitheach anois. Díreoidh céim a haon den phlean ar na príomhshráidbhailte laistigh de lár an bhaile. Meastar go mbeidh gach céim bhreisíoch de na pleananna athbhreithnithe cosúil go mór leis an dréachtphlean bainistithe tráchta foriomlán a cuireadh i láthair in 2011.
Maoiniú Blocdheontais 2012:
In 2012, baineadh leas as an mBlocdheontas Uirbeach €195,000 chun an bóthar chuig Bailtíní Naomh Cholmcille a uasghrádú. Mar chuid den tionscadal, baineadh amach an seanbhóthar coincréite a chlis. Rinneadh an coincréit seo a bhrú agus a athchúrsáil mar ábhar tógála don bhóthar nua. Cruthaíodh bánna páirceála cairr breise lasmuigh den charrbhealach, cuireadh isteach rampaí moillithe agus rinneadh deisiúcháin ar chosáin. Rinneadh an t-acomhal le bóthar Mhaigh nEalta

a ailíniú chun sábháilteacht bóthair a shímpliú agus a fheabhsú laistigh den cheantar.

<u>Deontas maidir le Feabhas Sonrach 2012:</u>
Leithroinneadh €150,000 faoin Deontas maidir le Feabhas Sonrach 2012 agus úsáideadh sin le maoiniú a dhéanamh ar fheabhsuithe breise a dhéanamh ar Phlás Cheanannais. Cuireadh isteach píblíne uisce dromchla nua agus cuireadh eibhear agus aolchloch ardchaighdeáin ar an gcóras ó shiopa Murphy go dtí an foirgneamh FSS chun a bheith ar chomhchéim leis na hoibreacha a rinneadh roimhe sin sa cheantar. Rinneadh an bóthar a athstruchtúrú ó Shráid Eoin chuig Acomhal an R147 agus R163. Chuir na hoibreacha seo go mór le híomhá bhealach isteach an bhaile agus tá tuairimí dearfacha ag an bpobal maidir leo.

<u>Oibreacha Feabhais ar Chúirt Magdalene:</u>
Tar éis comhchomhairle le geallsealbhóirí agus le cónaitheoirí cuí, rinneadh oibreacha feabhais ar bhealach isteach agus ar theorainneacha an eastáit.

<u>Páirceáil Saor in aisce:</u>
Cuireadh páirceáil saor in aisce ar fáil sa bhaile ó Bhealtaine go Lúnasa chun níos mó tomhaltóirí a mhealladh isteach sa bhaile. Bhí páirceáil saor in aisce ar fáil gach deireadh seachtaine freisin roimh thréimhse na Nollag.

### 12.1.5 Bainistiú Forbartha

Cuireadh Dréachtphlean Forbartha Cheanannais 2013 go 2019 os comhair an phobail roimh dheireadh 2012 in Oifigí Cathartha Cheanannais. Sa dréachtphlean leagtar amach fís an bhaile don 6 bliana amach romhainn agus léirítear ann freisin staid reatha na heacnamaíochta. Cuireadh beartais agus cuspóirí isteach sa phlean freisin chun léiriú a thabhairt ar threoracha agus ar theoirlínte náisiúnta agus réigiúnacha maidir le daonra agus líon tithe agus go háirithe an riachtanas atá ann chun aghaidh cuimsitheach a thabhairt ar na hiarmhairtí diúltacha fadthéarmacha a bhaineann le tuilte a d'fhéadfadh tarlú.
D'éirigh leis an gComhairle deontas €124,087 a bhaint amach ó Fáilte Ireland ar mhaithe le hábhar léiritheach nua do Ghleann na Bóinne
Tugadh oibreacha chéim 1 maidir leis an Ionad Oidhreachta chun críche in 2011 trí dhul i ngleic le saincheisteanna díonta struchtúrtha maidir leis an bhfoirgneamh. Cuireadh tús le hoibreacha chéim 2 in 2012 agus tabharfar chun críche iad in 2013.
Tugadh ranníocaíocht €10,000 don Chiste Forbartha Áitiúil d'Fhéilte Bailte/do ghrúpaí Pobail i dtreo féile theacht abhaile Maureen O'Hara a reáchtáladh i mBealtaine 2012. I rith na cuairte, bhronn an Cathaoirleach, An Comh. Brian Collins an *Freedom of Kells Town* ar Maureen O'Hara.
Thug Ambasadóir na Síne cuairt ar an mbaile níos luaithe sa bhliain. Sheol an Banc Ceannais bonn airgid óir €20, eagrán teoranta de Leabhar Cheanannais, sna hoifigí Cathartha. Thionóil an Chomhairle Baile fáiltiú cathartha in onóir na seisear imreoirí liathróid láimhe de chuid Chlub Liathróid Láimhe Cheanannais a bhain boinn amach sna craobhchomórtais domhanda le déanaí.

### 12.1.6 Seirbhísí Timpeallachta

Tá an Chomhairle fíorbhuíoch as an obair a dhéanann Bailte Slachtmhara Cheanannais, Mórtas Áite Cheanannais, an Comhlachas Tráchtála agus an grúpa nua a bunaíodh le déanaí Laochra Áitiúla in 2012 chun tacú leis an obair a dhéanann comhaltaí foirne na Comhairle Baile lasmuigh. Chuir gach grúpa go mór leis an bhfeabhas mór a rinneadh sa bhaile le bliain anuas.

**12.1.7 Áineas agus Taitneamhachtaí**

Fuair linn snámha Cheanannais deontas d'uasghrádú fuinnimh €240,460 in 2012. I measc na n-oibreacha cuireadh isteach coirí gásadhainte neodracha nua, grianphainéil agus aonaid nua láimhseála aeir, ceathanna atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de, soilsiú uasghrádaithe srl. Fuair Comhairle Baile Cheanannais an tionscadal agus rinne sí é a bhainistiú.




**12.2 COMHAIRLE BAILE NA HUAIMHE**

Is í Comhairle Baile na hUaimhe an tÚdarás Áitiúil do Cheantar Uirbeach na hUaimhe. Tá naonúr Comhairleoirí a thoghtar go díreach uirthi. Ba é an Comhairleoir Anton McCabe an Méara don chéad leath de 2012 agus tháinig an Comhairleoir Caoimhe Ní Shluáin i gcomharbacht air.

Seo a leanas na Comhairleoirí ar Chomhairle Baile na hUaimhe in 2012:


| Ainm: | Páirtí Polaitíochta | Seoladh |
|---|---|---|
| **Jim Holloway.** | **Fine Gael** | **Baile Fargáin, Bóthar na Bóinne, an Uaimh, Co. na Mí.** |
| **Joe Reilly.** | **Sinn Féin** | **Faughan Hill, an Bóthar Mín, an Uaimh, Co. na Mí** |
| **Anton McCabe.** | **Labour** | **90 Fearann na Coille, An Uaimh, Co. na Mí** |
| **Francis Deane.** | **Páirtí ar bith** | **5 Céide na hAbhann Duibhe, An Uaimh, Co. na Mí** |
| **Shane Cassells.** | **Fianna Fáil** | **52 Oakleigh, An Uaimh, Co. na Mí** |
| **Caoimhe Ní Shluáin.** | **Sinn Féin** | **Baile Ghib, An Uaimh, Co. na Mí** |
| **Padraig Fitzsimons.** | **Fianna Fáil** | **Teach Chnóbha, Ráth Arlain, an Uaimh, Co. na Mí** |
| **Suzanne Jamal.** | **Fine Gael** | **'Rahmat', Flemington, Balrath, Co. na Mí** |
| **Phil Brennan.** | **Páirtí ar bith** | **41 Plásóg an Airgid, An Uaimh, Co. na Mí** |

**12.2.1 Airgeadas**

€9m an caiteachas iomlán as an Ioncam Buiséadaithe in 2012.

€60.164.9 an Ráta Bliantúil ar Luacháil a ghlac Comhairle Baile na hUaimhe i ndáil le 2012. An tOrdú um Theorainn a Athrú a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2009 ba chúis leis an bhfigiúr sin. Dúradh san Ordú gur chóir don Athrú Teorann molta a bheith neodrach ó thaobh costais do Chomhairle Baile na hUaimhe agus do Chomhairle Chontae na Mí. Mar thoradh air sin, tá d'oibleagáid ar Chomhairle Baile na hUaimhe a ARV a mhéadú céatadán socraithe ó 2010 go dtí 2015 d'fhonn a bheith ag teacht le ARV Chomhairle Chontae na Mí.

**Seo a leanas miondealú i gcéatadáin % ar Ioncam Buiséadaithe do 2012**




**Ba iad seo a leanas rátaí bailiúcháin na Comhairle:**

| | |
|---|---|
| Rátaí Tráchtála | 70% |
| Cíosanna | 65% |

**Íocaíochtaí le Comhaltaí na Comhairle**

Íocaíochtaí le comhaltaí faoi thaisteal & cothabháil
€18,896

Íocaíochtaí le comhaltaí i ndáil le comhdhálacha, seimineáir, srl €
2,715

€21,611

**12.2.2 Áineas agus Taitneamhacht**

Bhronn an Chomhairle deontais áineasa arbh fhiú **€19,800** iad ar chumainn áititheoirí éagsúla, ar ghrúpaí spóirt, ar ghrúpaí drámaíochta, ar tharrthálacha

aibhneacha agus ar eagraíochtaí a oibríonn le daoine faoi mhíchumas, leis an óige agus le daoine scothaosta. Bronnadh **€250** eile ar cheolchoirmeacha bannaí ceoil.

### 12.2.3 Tithíocht

Leithdháileadh **10** teach i mbliana, **2** aistriú agus **1** iarratas faoin Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí.

In 2012, thug an roinn cead do dhá thionscadal tosaíochta i ndáil le hoibreacha athnuachana. Cuireadh tús le Scéim Oibreacha Feabhais Pháirc an Bhaile agus le hAthchoiriú Ardán Ultáin mar thoradh ar na ceaduithe seo.

Táthar ag súil go gcuirfear scéim Athchóirithe ar aghaidh maidir le Bailtíní Naomh Bríd in 2013.

### 12.2.4 Fáiltithe Cathartha

Thionóil an Méara agus Comhaltaí Chomhairle Baile na hUaimhe cúig Fháiltiú Cathartha in 2012 chun aitheantas a thabhairt d'éachtaí daoine aonair nó grúpaí sa phobal.

- Foireann Shóisearach Camógaíochta na Mí – bhain siad amach Craobhchómórtas Camógaíochta Sóisearach Uile-Éirinn in 2012.
- Club Oilimpeacha Speisialta na hÉireann chun aitheantas a thabhairt go hoifigiúil do na hiliomad éachtaí agus d'obair iontach an chlub seo.
- Comórtas Peile Global Ireland (GIFT)
- Darren Sutherland, nach maireann, buaiteoir boinn Oilimpeacha – mar aitheantas ar a chuid éachtaí spóirt.
- Seoladh 'The Great Wide Open' – leacht a nochtadh i gcuimhne ar na daoine ar fad a bhásaigh agus iad i mbun seirbhíse i Mianaigh na Teamhrach.

### 12.2.5 Freastal ar Chomhdhálacha

An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012 – An Comh. Jim Holloway

Scoil Geimhridh Chomhcille – An Comh. Jim Holloway

Ról na Comhairle ó thaobh Fiontraíocht a Spreagadh trí Thurasóireacht agus Spóirt. – An Comh. Padraig Fitzsimons.

Comhdhláil AMAI – An Comh. Anton McCabe, An Comh. Phil Brennan agus An Comh. Padraig Fitzsimons.

### 12.2.6 Ionad Ealaíon Ghrianstaid

Leanann Ionad Ealaíon Ghrianstaid ar aghaidh ag cur raon leathan seónna agus imeachtaí ar siúl i gcónaí do shaoránaigh agus cuairteoirí chuig Baile Chontae na Mí. Thug tuairim is 40,000 duine cuairt ar an ionad in 2012.

**12.2.7 Comhchoistí Póilíneachta**

Chas JPC na hUaimhe lena chéile trí huaire in 2012 agus rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le seachadadh an Phlean Oibre Bliantúil.

Bhí ról tábhachtach ag an bpobal, na cónaitheoirí áitiúla, i chomh maith is a d'éirigh le Comhchoiste Póilíneachta na hUaimhe i rith na bliana. Ní bheadh éirithe chomh maith leis an gComhchoiste gan an tacaíocht a fuair sé ón bpobal áitiúil ag coinneáil Gardaí ar an eolas i gcónaí faoi eolas ar bith a d'fhéadfaí cuidiú leo coir a réiteach nó eolas maidir le cás ina mbeadh sábháilteacht an phobail i mbaol.

**12.2.8 Mórthionscadail**

**12.2.8.1 Feabhas a chur ar Lána Metges**

Tugadh na hoibreacha ar Scéim Feabhais Lána Metges chun críche. Leis an scéim seo rinneadh feabhas mór ar íomhá Lána Metges agus rinneadh duchtáil a chur ar fáil freisin le freastal ar shoilse uasdírithe maisiúla, uasghrádú ar an líonra uisce/fuíolluisce agus na hoibreacha gaolmhara uile.



**12.2.8.2 Tionscnamh Mórtas Áite Bhaile na hUaimhe**

Bhí bliain mhaith eile ag Tionscnamh Mórtas Áite Bhaile na hUaimhe nuair a ghlac níos mó ná 25 Cumann Cónaitheoirí, 10 Grúpa Pobail agus thart ar 30 gnó páirt sa tionscnamh chun tacú le baile na hUaimhe a chur chun cinn go dearfach.




**12.2.8.3 An Scéim Feabhais um Aghaidh Siopaí & Láithreáin Thréigthe**

Seoladh an Scéim Feabhais um Aghaidh Siopaí & Láithreáin Thréigthe in 2012 agus dhírigh an scéim ar áitribh miondíola a bhí folamh agus ar láithreáin thréigthe i lár an bhaile. Ba í an aidhm a bhí leis an scéim ná íomhá na sráide a uasghrádú agus íomhá níos tarraingtí a chur ar fáil do thomhaltóirí agus do mhiondíoltóirí.

**12.2.8.4 Turas Siúil Phointí Mórtais - Turas Dealbhóireachta**

Sheol an Méara an Turas Siúil Phointí Mórtais - Turas Dealbhóireacht in 2012. Rinne Comhairle Baile na hUaimhe infheistiú i roinnt dealbh le bheith mar chuid de Thuras Dealbhóireachta uathúil sa Bhaile. Gné thábhachtach den Turas Dealbhóireachta an chuid deiridh de Chros na hUaimhe a mhaireann atá ar taispeáint in Ionad Ealaíon Ghrianstaid.

**12.2.8.5 Áit Súgartha Oideachais & Riachtanas Speisialta - Páirc Andy Brennan**

D'oscail an tUachtarán Michael D. Higgins 'Is Féidir Linn', áit súgartha oideachas agus riachtanas speisialta go foirmiúil i bPáirc Andy Brennan i mí Feabhra 2012. Tionscadal ceannródaíoch eile don Uaimh é sin, mar gheall gurb é seo an chéad Áit Súgartha Phoiblí den chineál sin in Éirinn

**12.2.8.6 Páirc Bhaile na hUaimhe**

In 2012, cuireadh tús leis an gcéad chéim de Pháirc Bhaile na hUaimhe. D'iompaigh an Méara Anton McCabe an chéad fhód i mBealtaine 2012. Áirítear ar na hoibreacha an bealach isteach agus an carrchlós, an tsiúlóid lúbchosáin sa Pháirc agus 3 pháirc imeartha féir a chur ar fáil.

**12.2.8.7 Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil de chuid Chambers Ireland**

I Samhain 2012, bhronn Chambers Ireland an gradam '*Comhairle Baile na Bliana'* ar Chomhairle Baile na hUaimhe as na tionscnaimh a rinneadh sa bhaile in 2012. Ba é seo an chéad uair ar bhain Comhairle Baile na hUaimhe amach an gradam mór le rá seo agus thug sé aitheantas do na tionscnaimh, feabhsúcháin agus na héachtaí ar fad a rinneadh i mBaile na hUaimhe.
Bronnadh an gradam 'Comhpháirtíocht le Gnó' freisin ar Chomhairle Baile na hUaimhe as an *Navan Town Renaissance Project.* Mar chuid den tionscadal seo rinneadh obair i gcomhar le miondíoltóirí agus leis an gComhlachas Tráchtála chun líon na gcuairteoirí chuig an mbaile a ardú. I measc na dtionscnamh bhí '*Navan Has the Xmas Factor'*, oibreacha feabhais ar shráideanna, Soilsí na Nollag, Maisiúcháin Bláthanna, Scéimeanna Péinteála agus Pointí Mórtais.



**12.2.9 Clár na nOibreacha Bóthair**

Tugadh na scéimeanna bóthair seo a leanas chun críche in 2012 mar chuid de Chlár na nOibreacha Bóthair. Tá difear mór déanta do chaighdeán saoil agus do thimpeallacht maireachtála mhuintir an bhaile, ó tugadh na scéimeanna seo chun críche.

| **Trasrian Coisithe** |
|---|
| **Bóthar Clonmagadden** |
| **Bóthar Dan Shaw le hais Educate Together na hUaimhe** |

| **Bearta Moilliú Tráchta** |
|---|
| **Bóthar Ceangail le Tailteann as Aura Leisurelink** |
| **Bóthar Ceangail le hEastát Blackcastle, Cúirt Fitzherbert Court srl** |

| Oibreacha Feabhais ar Chosáin & Dromchlú Bóthair |
|---|
| Bóthar Carriage |
| Bóthar Dan Shaw |
| Seanbhóthar Bhaile Átha Buí |
| Seanbhóthar Johnstown |
| Swan Lane |
| Uasghrádú ar Acomhal Dan Shaw/Bhóthar Bhaile Átha Troim |
| Eastát Woodlands |
| Eastát Blackcastle |
| Bóthar Kennedy |

## 12.3 COMHAIRLE BAILE BHAILE ÁTHA TROIM

Tá go leor athruithe suntasacha tarlaithe i mBaile Átha Troim le roinnt blianta anuas agus bhí tábhacht ag baint le na hathruithe sin freisin ó thaobh na heacnamaíochta de in iardheisceart na Mí. Tá oidhreacht bhreá ag baile Bhaile Átha Troim agus ag na ceantair máguaird agus ní mór go leanfadh forbairt thurasóireachta agus eacnamaíochta ar aghaidh ar mhaithe le fás inbhuanaithe an bhaile amach anseo.

### 12.3.1 Leagan amach agus seirbhísí

Seo a leanas na Comhairleoirí ar Chomhairle Baile Bhaile Átha Troim in 2012:

| Ainm: | Páirtí Polaitiúil | Seoladh |
|---|---|---|
| **An Comh. William Bligh**<br><br>**Cathaoirleach** | **Fine Gael** | **26 Páirc na mBráthar, Baile Átha Troim, Co. na Mí.** |
| **An Comh. James O'Shea**<br><br>**Leas-Chathaoirleach**<br><br>***(Cathaoirleach Ean-Meith 2012)*** | **An Lucht Oibre** | **Geata na hUaimhe, Baile Átha Troim, Co. na Mí** |
| **An Comh. Philip Cantwell** | **Páirtí ar bith** | **"Villa Maria", Fearann an Mhainéir, Baile Átha Troim, Co. na Mí** |
| **An Comh. Trevor Golden** | **Páirtí ar** | **Lána an Teampaill, Baile Átha Troim,** |

| | | |
|---|---|---|
| | **bith** | **Co. na Mí.** |
| **An Comh. William Fay** | **Fine Gael** | **Knightsbrook, Baile Átha Troim, Co. na Mí.** |
| **An Comh. Vincent McHugh** | **Fianna Fáil** | **Teach Stokestown, Láithreach Cora, Baile Átha Troim, Co. na Mí.** |
| **An Comh. Michael Kenny**<br><br>***(comhcheaptha i Meitheamh 2012 nuair a d'éirigh Donal O'Brien as a phost)*** | **Labour** | **Riverside, 44 Eldergrove, Baile Átha Troim, Co. na Mí.** |
| **An Comh. Ronan McKenna** | **Fianna Fáil** | **6 Leac an Ais, Baile Átha Troim, Co. na Mí.** |
| **An Comh. Gerry Reilly**<br><br>***(Leas-Chathaoirleach Jan-June 2013)*** | **Fine Gael** | **Teach Teaguestown, Ifearnóg, Baile Átha Troim, Co. na Mí.** |

**12.3.2 Airgeadas**

Chaith Comhairle Baile Bhaile Átha Troim €2.4m in 2012 in ioncam ag cur seirbhísí riachtanacha ar fáil don bhaile. Tá scála na ranníocaíochta a dhéanann an Chomhairle Baile i leith infreastruchtúr, eacnamaíocht, cúrsaí sóisialta agus cultúrtha ríthábhachtach d'fhorbairt leanúnach agus do mhealltacht an bhaile ó thaobh infheistíochta, trí chláir agus bheartais beartaithe.

**12.3.3 Tithíocht**

Tá 97 aonad ag Comhairle Baile Bhaile Átha Troim faoi láthair. In 2012, lean an Chomhairle ar aghaidh ag bainistiú agus ag cothabháil an stoic agus sealbhaíodh aonaid a bhí folamh laistigh de 8 seachtaine. Oibríonn Comhairle Baile Bhaile Átha Troim go dlúth le Comhairle Contae na Mí chun tacú leo siúd atá ag lorg tithíochta sóisialta agus chun móroibreacha athchóirithe agus athfheistithe a phleanáil.

**12.3.4 Pleanáil**

Cuireadh tús le hathbhreithniú reachtúil ar Phlean Forbartha Bhaile Átha Troim i Samhain, 2012 agus foilsíodh an Páipéir maidir le Saincheisteanna Straitéiseacha. Fuarthas 52 aighneacht ar an iomlán i rith na tréimhse comhchomhairle poiblí.

Táthar ag súil le hachoimre ar na haighneachtaí, mar chuid d'ullmhú Thuarascáil an Bhainisteora i Márta 2012. Tar éis na tréimhse tosaigh den réamhdhréacht comhchomhairle poiblí, bogfaidh an Chomhairle ar aghaidh chun dréachtphlean a ullmhú lena bhreithniú.

**12.3.5 Timpeallacht**

Leanann Comhairle Baile Bhaile Átha Troim ar aghaidh ag obair go dlúth le Comórtas na mBailte Slachtmhara Bhaile Átha Troim. Gach bliain leagtar amach tionscnaimh agus spriocanna a mbíonn an-tionchar acu ar íomhá an bhaile agus a mhealltacht foriomlán agus fuair Baile Átha Troim sé phointe breise mar thoradh orthu sin i gComórtas na mBailte Slachtmhara in 2012.

Bhain Baile Átha Troim an 6ú áit amach i gcomórtas sraithe Frithbhruscair an IBAL in 2012, agus bhain an baile an rátáil "Cleaner than European Norms" amach arís.

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag cothabháil agus ag feabhsú na mbóithre isteach, na mboscaí bruscair, agus scuabtha sráideanna mar aon le blitzchomórtais bruscair deonacha a reáchtáil sa bhaile.

**12.3.6 Porchfields**

Tá Comhairle Baile Bhaile Átha Troim freagrach as Porchfields, áis nádúrtha atá i lár an bhaile ag bun Chaisleán Bhaile Átha Troim. Gach bliain reáchtáiltear féilte agus imeachtaí anseo rud a mheallann na mílte daoine chuig baile Bhaile Átha Troim. In 2012, reáchtáladh sé fhéile, ina measc sin bhí *Trim Balloon Fiesta, Scurlogstown Hay Making, Féile Swift, Féile Irish Walled Town, Royal Meath Show agus Trim Vintage and Veteran Car Rally.* Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair go gníomhach le heagarthóirí féilte ag cinntiú go mbeidh Porchfields i gcónaí mar áis thábhachtach sa phobal.

12.3.7 **Comhchoiste Póilíneachta**

Bunaíodh Comhchoiste Póilíneachta Bhaile Átha Troim (JPC) in 2011. Is fo-choiste den Chomhairle Baile é chun fóram a chur ar fáil le go mbeidh an t-údarás áitiúil, Gardaí sinsearacha an cheantair, comhaltaí na Comhairle agus an Oireachtais mar aon le hionadaithe an phobail/deonacha in ann teacht le chéile agus plé agus moltaí a dhéanamh maidir le beartais sa cheantar.

Tháinig an JPC le chéile ceithre huaire in 2012 chun plé a dhéanamh ar ábhair shonracha maidir le cur isteach CCTV, páirceáil d'Fheithiclí na Seirbhíse Poiblí agus dul i ngleic le hiompar frithshóisialta.

**12.3.8 Bóithre**

Rinneadh roinnt oibreacha bóithre agus cosáin sa bhaile i rith 2012. Cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtas Áitiúil blocdheontas de €195,000 in 2012.

**13 AGUISÍN 4: ÍOCAÍOCHTAÍ LE COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CHONTAE NA MÍ**

| **Íocaíochtaí le Comhaltaí Chomhairle Chontae na Mí** | |
|---|---|
| Costais Bhliantúla na gComhairleoirí (Taisteal & Cothabháil) | €173,223.00 |
| Liúntais don Chathaoirleach and don Leas-Chathaoirleach | € 39,000.00 |
| Liúntais a íoctar le Cathaoirligh na gCoistí um Beartas Straitéiseacha | € 24,500.00 |
| Íocaíochtaí Ionadaíochta na gComhaltaí (faoi réir ag cánachas) | €484,352.73 |
| Caiteachas iomlán maidir le comhdhálacha Thar Lear | €8,460.44 |
| Costais ilghnéitheacha | €7,305.55 |

**14 AGUISÍN 7: CRUINNITHE NA COMHAIRLE - 2011**

| | |
|---|---|
| Cruinnithe Míosúla | 11 |
| Cruinnithe Speisialta | 10 |
| Cruinnithe Bliantúla | 1 |
| Réamhbhuiséid agus Buiséid | 2 |
| Prótacail | 11 |
| CPG | 11 |
| SPC – Comhshaol | 3 |
| SPC - Infreastruchtúr | 1 |
| SPC – Sóisialta, Pobal & Cultúr | 2 |
| SPC – Pleanáil & Eacnamaíoch | 3 |
| Ceantar - Dún Seachlainn<br>- Ceanannas<br>- An Uaimh<br>- Baile Shláine<br>- Baile Átha Troim | 12<br>10<br>11<br>13<br>11 |

**15 AGUISÍN 8: RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL**

| **Tuarascáil Airgeadais Bhliantúil Chomhairle Chontae na Mí 2011** | | |
|---|---|---|
| **Caiteachas** | **Ioncam (€m)** | **Caipiteal (€m)** |
| Tithíocht & Tógáil | 11.679 | 10.867 |
| Iompar ar Bhóithre & Sábháilteacht | 24.030 | 16.572 |
| Uisce & Séarachas | 21.662 | 10.386 |
| Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha | 7.998 | 4.129 |
| Cosaint Comhshaoil | 14.442 | 0.485 |
| Áineas & Taitneamhacht | 5.764 | 0.619 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas | 5.485 | 0.03 |
| Ilghnéitheach | 14.372 | 0.319 |
| **Iomlán** | **105.432** | **43.587** |
| | | |
| **Ioncam** (féach foinsí maoinithe thíos) | 50.209 | 39.469 |
| Glan-aistrithe | | 1.988 |
| | | |
| Glanchostas Ioncaim le maoiniú ag an gContae | **(55.223)** | |
| | | |
| Rátaí | 25.242 | |
| Ciste Rialtais Áitiúil & Asbhaint a bhaineann le Pinsin | 22.880 | |
| Muirir chuig Uirbeacha | 4.960 | |
| Aistriú ó (chuig) Cúlchistí | (2.244) | |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | 0.103 | (2.13) |
| Iarmhéid Tosaigh (01/01/10) | (6.857) | 31.383 |
| | | |
| **Iarmhéid Deiridh** | **(6.754)** | **29.253** |
| | | |
| **Foinsí Maoinithe** | **Ioncam (€m)** | **Caipiteal (€m)** |
| Deontais Stáit & Fóirdheontais | 21.780 | 29.240 |
| Iasachtaí | | 0.682 |
| Fáltais Eile | | 9.547 |
| Cíosanna ó Thithe | 7.275 | |
| Iasachtaí Tithíochta | 0.563 | |
| Uisce agus Séarachas Tráchtála | 3.965 | |
| Táillí Pleanála | 0.435 | |
| Gníomhaíochtaí Áineasa & Taitneamhachta | 0.194 | |
| Muirir Dóiteáin | 0.661 | |
| Ranníoca Pinsean | 1.317 | |
| NPPR | 1.397 | |
| Ilghnéitheach | 12.622 | |
| **Iomlán** | **50.209** | **39.469** |

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| **Liúntais chomhaltaí agus costais i gcomhair Comhdhálacha (€)** | | |
| | € | |
| Liúntas an Chathaoirligh agus SPC | 63,294 | |
| Aiscí Comhairleoirí | 96,000 | |
| Costais/Tuarastail | 659,549 | |
| Freastal ar Chomhdhálacha thar lear | 5,960 | |